	Notes	2014	2013
Balance at 1 January		2,869,467	2,943,942
Income applied to purchase fixed assets	7	5,179	0
Amortised in the year in line with asset depreciation	7	(73,963)	(74,475)
Transfer (to) / from the Income and Expenditure Account		(68,784)	(74,475)
Reclassification of Fixed Assets	7	7,026	0
Total movement		(61,758)	(74,475)
Balance at 31 December		2,807,709	2,869,467

9. Cash Flow Reconciliation

	2014	2013
	€	€
9 (a) Reconciliation Of Surplus For The Year To Cashflow From Operating Activities		
Surplus for the period	71,178	24,020
Adjustment for non operating items		
Interest Receivable	0	(1)
Movement on Capital Account	(61,758)	(74,475)
Adjustment for non cash items		
Depreciation	73,963	74,475
Reclassification of Fixed Assets	(7,026)	0
Change in Debtors	(45,924)	(55,105)
Change in Creditors	(25,593)	25,048
Cash flow from Operating Activities	4,840	(6,038)
9(b) Reconciliation Of Cashflow To Movement In Net Funds		
Net Funds at 31 December 2013	2,323	8,360
Decrease in Cash	(339)	(6,037)
Net Funds at 31 December 2014	1,984	2,323

10. Superannuation

Under the National Disability Authority Act 1999, the Authority with the approval of the Minister for Justice and Equality and the consent of the Minister for Finance, shall make a scheme or schemes for the granting of superannuation benefits to or in respect of the members of staff, including the Director of the Authority.

A Model Scheme has been drafted and is awaiting approval from the Department of Justice and Equality and the Department of Public Expenditure and Reform.

The National Disability Authority (NDA) operates an unfunded defined benefit superannuation schemes for staff. Superannuation entitlements arising under the schemes are paid out of current income and are charged to the Income and Expenditure Account, net of employee superannuation contributions, in the year in which they become payable.

At present staff who were formerly staff of the National Rehabilitation Board who retire receive Superannuation benefits under the terms of the Local Government Superannuation Scheme. Staff who have been employed by NDA subsequent to its establishment and who retire receive benefits in line with the terms of the Nominated Health Agencies Superannuation Scheme.

(a) Pension Scheme

The results set out below are based on an actuarial valuation of the liabilities in respect of the serving, retired and deceased staff of the NDA as at 31 December 2014. This valuation was carried out by a qualified independent actuary for the purposes of the accounting standard, Financial Reporting Standard No. 17 – Retirement Benefits (FRS 17).

This valuation was carried out using the projected unit method. The financial assumptions used to calculate scheme liabilities were as follows:

	2014	2013
Discount Rate	5.5%	5.5%
Salary increase assumption	4%	4%
Pension increase assumption	4%	4%
Price inflation	2%	2%

As the NDA schemes are unfunded, there are no assets held in respect of accrued pension liabilities of the NDA staff.

(b) Net Deferred Funding For Pensions in Year

	2014	2013
	€	€
Funding recoverable in respect of current year pension costs	1,340,000	1,370,000
State Grant applied to pay pensioners	(562,000)	(555,000)
	778,000	815,000

(c) Analysis of the amount charged to operating profit under FRS 17

	2014	2013
	€	€
Current service cost	420,000	460,000
Interest on pension scheme liabilities	920,000	910,000
Employee contribution	(103,790)	(112,403)
Past service cost	-	-
Total operating charge	1,236,210	1,257,597

(d) Deferred Funding Asset for Pensions

The National Disability Authority recognises these amounts as an asset corresponding to the unfunded deferred liability for pensions on the basis of the set of assumptions described above and a number of past events. These events include the statutory basis for the establishment of the superannuation scheme, and the policy and practice currently in place in relation to funding public service pensions including contributions by employees and the annual estimates process. While there is no formal agreement regarding these specific amounts with the Department of Justice and Equality, the National Disability Authority has no evidence that this funding policy will not continue to meet such sums in accordance with current practice. The deferred funding asset for pensions as at 31 December 2014 amounted to €16.6 million (2013: €16.8 million).

(e) Movement in deficit during the year

	2014	2013
	€	€
Scheme Liability at 1 January	€16,800,000	€16,500,000
Current service cost	€420,000	€460,000
Interest on scheme liabilities	€920,000	€910,000
Benefits payable	(€562,000)	(€555,000)
Actuarial Gain recognised in the Statement of Total Recognised Gains and Losses (STRGL)	(€978,000)	(€515,000)
Pension Liability	€16,600,000	€16,800,000

History of experience gains and losses

	2014	2013	2012	2011
Experience (gains) / losses on scheme liabilities	(€978,000)	(€515,000)	(€1,030,000)	(€1,260,000)
percentage of the present value of the scheme liabilities	(6%)	(3%)	(6%)	(8%)

Pension Levy Contributions

€109,695 was deducted from staff by way of pension levy and retained by the Department of Justice and Equality.

11. Creditors and Accruals

	2014	2013
	€	€
Accruals	€38,537	€64,130
Total Creditors	€38,537	€64,130

12. Debtors and Prepayments

	2014	2013
	€	€
Dept of Justice and Equality	€294,092	€230,531
Prepayments	€10,993	€13,144
Other Debtors	€314	€15,800
Total Debtors	€305,399	€259,475

Other debtors relates to the surplus arising from the accumulated superannuation contributions deducted from NDA staff less accumulated pension payments made on retirement to staff financed from this fund.

13. Movement of Retained Surplus

	2014	2013
	€	€

	2014	2013
	€	€
Retained Surplus at 1 January	€197,668	€173,648
Movement in the Year		
Prepayments and Other Debtors	(€17,637)	(€2,654)
Accruals	€25,593	(€25,048)
Pension Suspense	€63,561	€57,759
Decrease in bank account	(€339)	(€6,037)
Total Recognised Gain for the year	€71,178	€24,020
Retained Surplus at 31 December	€268,846	€197,668

14. Contingent Liabilities

There are no contingent liabilities at 31 December 2014.

15. Capital Commitments

The Authority had no outstanding capital commitments as at 31 December 2014.

16. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved by the Authority on 16th July 2015.

Appendix 1: Authority and other committees in 2014

A new Authority was appointed in July 2014.

- Ms. Helen Guinan (Chair)
- Ms. Orla Barry
- Mr. Frank Cunneen
- Mr. Des Kenny
- Ms. Ruthann La Malfa
- Ms. Mary Lavelle
- Ms. Teresa McDonnell
- Mr. Deaglan O'Briain
- Ms. Deirdre O'Connor
- Mr. James O'Grady
- Mr. Donie O'Leary
- Mr. Dónal Rice
- Ms. Alison Ryan

Audit Committee

- Donal Lawlor (Chair)
- Lawrence Byrne
- Robert Cashell
- Frank Cunneen
- Des Kenny
- Alison Ryan

Finance Committee

- Frank Cunneen (Chair)
- Pat Fitzsimons
- Des Kenny
- Ruthann La Malfa

- Teresa McDonnell
- David Scott

Appendix 2: Representation on external bodies in 2014

Public sector:

Department of Education and Skills

- Member of Disability Advisory Committee
- Membership of the National Council for Special Education, and of its Consultative Forum
- Membership of the Working Group on a new model for allocation of resource teaching

Department of Communications, Energy, and Natural Resources

- Sectoral Plan and Part 5 Monitoring Committee
- Broadcasting Authority of Ireland (Working group on Representation of People with Disabilities in Broadcast Media)
- Commission for Communications Regulation's Consumer Advisory Panel and its Industry Forum on Electronic Communications Services for People with Disabilities
- Commission for Energy Regulation's Consumer Stakeholder Group

Department of the Environment, Community, and Local Government

- Monitoring Group for Housing Strategy for people with disabilities
- Implementation Monitoring Group for National Housing Strategy for People with a Disability, and Housing Agency sub-committee on its implementation
- Irish Water Stakeholder Forum

Department of Health

- Member of Implementation Steering Group of Value for Money Policy Review of Disability Services, and of Working Groups 1, 2, 4 and 5 of the implementation process
- Member of Disability Advisory Committee
- Member of HSE's National Consultative Forum
- Member of HSE's Working Group on Shaping the Future of Intellectual Disability Nursing in Ireland

- Member of HSE's Universal Access Committee

Department of Justice and Equality

- Part 5 Monitoring Committee
- The National Steering Committee on Violence Against Women, and its Public Awareness sub-committee

Department of Social Protection

- Board of National Advocacy Service for People with Disabilities
- Disability Consultative Forum
- Implementation group — Domiciliary Care Allowance

Department of Transport, Tourism, and Sport

- Accessibility Consultative Committee
- National Transport Authority — Taxi Advisory Committee

Other

- RIAI (Royal Institute of Architects of Ireland) Universal Design Task Force

Appendix 3: Publications in 2014

- Annual Report 2013
- Consultation with people with disabilities on public attitudes — Your Voice Your Choice Report 2013
- Living with an acquired brain injury
- National Disability Authority Resource Allocation Feasibility Study Phase 2
- National Disability Authority eNewsletters
- Post school education and training options for people with disabilities (jointly with NCSE)
- Reasonable Accommodation for people with Autism Spectrum Disorder
- Survey on National Disability Strategy Indicators 2013
- The effect of a disability on siblings (conference presentation)
- Understanding Emotional, Psychological, and Mental Health disability in Ireland: Factors Facilitating Social Inclusion (Jointly with ESRI)
- 2013 Report on Compliance with Part 5 of the Disability Act

Appendix 4: Policy advice papers in 2014

- Broadcasting Authority of Ireland Access Rules Consultation
- Department of Children and Youth Affairs — Statement of Strategy 2015–2017
- Department of Education and Skills — NCSE Working Group Report on new models of allocating teaching resources
- Department of Health — Expert panel review of medical cards scheme
- Department of Health — Statement of Strategy 2015–2017
- Department of Health — Universal Health Insurance
- HSE — on Shaping the Future of Intellectual Disability Nursing in Ireland
- National Transport Authority’s Draft Small Public Service Vehicle (Consolidation and Reform) Regulations 2014
- Submission to the Department of Justice and Equality on the new National Strategy on Domestic, Sexual, and Gender-based Violence.
- Submission to the Department of Justice and Equality on Sexual Violence against Vulnerable adults (in context of the Criminal Law (Sexual Offences) Bill 2015)
- Submission on the draft General Scheme of legislative provisions for Advance Healthcare Directives to be incorporated into the Assisted Decision-Making (Capacity) Bill 2013
- Submission to the Department of the Environment, Community, and Local Government on the review of Social Housing Strategy
- Submission to the Department of the Environment, Community, and Local Government on the review of the Department’s Statement of Strategy

National Disability Authority

25 Clyde Road, Dublin 4

Telephone: (01) 608 0400

Fax: (01) 660 9935

www.nda.ie

National Disability Authority is the independent state body providing expert advice on disability policy and practice to the Minister, and promoting Universal Design in Ireland.

Tuarascáil Bhliantúil 2014



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil seo an Údarás Náisiúnta Míchumais don bhliain 2014 a chur bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Mar an gcathaoirleach a ceapadh leis an Údarás nua a ghlac leis an oifig in Iúil 2014, is rí-dheas liom tuairisciú a dhéanamh ar conas a d'éirigh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais sa bhliain sin maidir le tabhairt faoi chuspóirí straitéiseacha tiomanta agus ár ról reachtúil mar an gcomhlacht neamhspleách náisiúnta atá freagrach as comhairle atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar don Aire ar shaincheisteanna míchumais agus dearadh uilíoch.

Tugtar cuntas sa tuarascáil ar conas a lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, i gcaitheamh na bliana, lena ról a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na bpríomhstraitéisí agus na bpríomhbheartas a threorú lenar ghlac an Rialtas lena gcur i bhfeidhm i gcaitheamh roinnt blianta chun sochaí Éireannach a bhaint amach a bhfuil luach aici ar dhaoine atá faoi mhíchumas mar shaoránaigh chomhionanna. Anuas air sin, leanamar lenár gcuid iarrachtaí a dhéanamh chun tuiscint agus glacadh feabhsaithe le dearadh uirbeach a chur chun cinn, agus rinneamar breis forbartha ar acmhainní breise chun tacú le dearthóirí chun sin a bhaint amach.

Tugadh isteach caighdeán agus rialacháin d'ionaid mhíchumas cónaithe ó Shamhain 2013 ar aghaidh, agus chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an ÚFCS) tús le próiseas clárúcháin agus cigireachta seirbhísí ón dáta sin. I Lúnasa 2014, d'iarr an tAire Cúraim Phríomhúil agus Shóisialta, Kathleen Lynch, T.D., orainn athbhreithniú a dhéanamh ar an eispéireas agus ar an méid a foghlaimíodh uaidh seo, bliain amháin chun cinn. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2014 agus tabharfar chun críche í in 2015. Soláthróidh seo foghlaim luachmhar do bheartas agus cleachtas. Tá ár n-obair á stiúradh ag comhairliúchán le réimse fairsing de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear cónaitheoirí, a dteaghlaigh, soláthraithe seirbhíse agus an ÚFCS.

Tá clár mór claochlaithe le haghaidh seirbhísí agus tacaíochtaí míchumais ar bun faoi láthair. Is é an treo beartais lenar chomhaontaigh an Rialtas chun tacú le daoine atá faoi mhíchumas chun gnáthshaol a chaitheamh i ngnátháiteanna. Tá ról tábhachtach á chomhlíonadh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais chun seo a threorú, mar shampla, trínár gcuid oibre ar chreatlach thorthaí le haghaidh seirbhísí míchumais, ar chaighdeán chun bheith mar bhonn agus taca le samhail nua do sheirbhísí lae, agus ar chórais leithdháilte acmhainní. Táimid coinsiasach, áfach, go bhfuil claochlú na

seirbhíse fós ag tosach aistir, agus go gcónaíonn go leor daoine go fóill in institiúidí nó ionaid mhóra chónaithe.

Ar nós go leor eile, bhí déistin ar an ÚNM faoin bhfianaise i leith drochíde a tháinig chun solais i roinnt seirbhísí cónaithe, atá á fiosrú anois, ar eascair clár mór gníomhaíochta as atá faoi stiúir FSS maidir le cónaitheoirí i ngach ionad cónaithe a chosaint agus chun feabhsú cáilíochta a chur chun cinn. Ceapadh an ÚNM leis an Tascfhórsa a bhfuil FSS mar chathaoirleach air, a raibh a gcrúinniú tionscnaimh acu an 16 Nollaig 2014 d'fhonn maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir ghníomhaíochta.

In 2014, áiríodh le hobair an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais:

- Obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chuid 4 den Acht Míchumais, 2005 maidir le húsáid a bhaint as faisnéis faoi thástáil ghéiniteach le haghaidh rochtana ar árachas, morgáistí agus fostaíocht.
- Taighde agus treoir chun cabhrú le straitéis chuimsitheach trasrialtais fostaíochta a fhorbairt do dhaoine atá faoi mhíchumas.
- Taighde agus comhairliúchán chun faisnéis a sholáthar do bheartas agus cleachtas maidir le seirbhísí poiblí do dhaoine atá thíos le huathachas.
- Oibríonn caighdeán chríochnaithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta i limistéir fála TFC agus treoirlinnte le haghaidh forbróirí caighdeán maidir le dearadh agus inrochtaineacht uilíoch a chur i bhfeidhm.
- Olldúslán Dearaidh Uilíoch ina raibh baint ag mic léinn a raibh smaointe nuálacha uilíocha á bhforbairt acu do tháirgí, áiseanna agus teicneolaíochtaí.

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh, chomh maith leis sin, leo siúd a raibh idirchaidreamh acu leis an ÚNM, trí chomhairliúchán agus trí pháirt a ghlacadh inár gceardlanna agus seimineáir. Tá luach againn ar an idirchaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir i ranna rialtais, comhlachtaí poiblí, comhlachtaí na hearnála míchumais, daoine atá faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh mar aon lenár bpáirtithe leasmhara dearaidh uilíoch – comhlachtaí gairmiúla, caighdeán agus oideachais mar aon leis an tionscal agus an earnáil phoiblí.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil le foireann aonad an Bheartais Mhíchumais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar aon leis an bhfoireann ón Aonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus na seirbhísí comhroinnte TF.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí a thaispeáin fuinneamh agus díocas mar aon le réimse fairsing taithí ó ceapadh iad leis an Údarás, a

chuirfidh ar chumas againn oibriú as lámh a chéile lena chinntiú go bhfuil difear dearfach á dhéanamh ag an ÚNM.

Ba mhian liom tiomantas, ardchaighdeán oibre agus taithí fhoireann an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais a aithint, a sholáthair clár an-lán oibre.

Is mise, le meas,
Helen Guinan
Cathaoirleach.

Forbhreathnú ar 2014

Rinne a bPlean Straitéiseach chomh maith le deiseanna chun dul i bhfeidhm ar bheartais agus cleachtas náisiúnta chun comhionannas agus cáilíocht níos fearr saoil a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas agus chun dearadh uilíoch a chur chun cinn, obair an Údaráis Náisiúnta Míchumais a threorú in 2014.

I rith 2014, cheap an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Aire nua, ar a bhfuil freagracht speisialta as Comhionannas, Pobail Nua agus an Cultúr. Sa mhullach air sin, ghlac an tAire le ról cathaoirligh Ghrúpa um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Déanann an grúpa stiúrtha seo monatóireacht ar chur i bhfeidhm Phlean um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013-2015. I measc na ballraíochta, tá oifigigh shinsearacha ó réimse leathan de ranna rialtais, na húdaráis áitiúla, an grúpa Náisiúnta Míchumais agus an grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais.

Cuimsíonn Plean um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais gach duine atá faoi mhíchumas. Leagtar amach ann gníomhartha a bhfuil gach roinn agus gníomhaireacht rialtais le tabhairt fúthu faoi na spriocanna ardleibhéil a leanas:

1. Saoránaigh Chomhionanna – tá daoine atá faoi mhíchumas saor ó idirdhealú. Caitheann a gcomhshaoránaigh leo mar shaoránaigh chomhionanna. Cuireann seirbhísí poiblí san áireamh iad mar dhaoine comhionanna a fháiltíonn agus a fhreastalaíonn ar éagsúlacht.
2. Neamhspleáchas agus Rogha – tacaítear le daoine atá faoi mhíchumas chun an saol a roghnaíonn siad a chaitheamh.
3. Rannpháirtíocht – caitheann daoine atá faoi mhíchumas gnáthshaol i ngnátháiteanna, agus glacann siad páirt i mbeatha an phobail.
4. Cumas a uasmhéadú – cuirtear ar chumas daoine atá faoi mhíchumas a lánchumas a bhaint amach.

Lean an ÚNM ag oibriú go déthaobhach le Ranna agus gníomhaireachtaí chun treorú a thabhairt ar chur i bhfeidhm, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sna coistí ábhartha. Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi athbhreithniú meántéarmach ar dhul chun cinn leis an bplean a chur i bhfeidhm agus rinne siad measúnacht air. Chomh maith leis sin, bhí an ÚNM ina gcathaoirleach don Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais agus thug siad tacaíocht rúnaíochta dóibh, a chuir a dtuairimí agus a moltaí san áireamh don ghrúpa náisiúnta stiúrtha i dtaca leis an bPlean. Ina theannta

sin, thug an ÚNM faoi obair chun treorú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh an Plean freastal go héifeachtach ar riachtanais iad siúd a bhfuil uathachas orthu. Áiríodh leis seo comhairliúchán le páirtithe leasmhara, ceardlann, taighde agus moltaí a chuirfeadh faisnéis ar fáil do chlár sonrach gníomhaíochta a chríochnú in 2015.

Lean an ÚNM ag oibriú le Ranna chun straitéis chuimsitheach fostaíochta 10 mbliana a fhorbairt, ina gcuimsítear plean gníomhaíochta do na chéad trí bliana. Ó 2014 i leith, cuid lárnach den Plean Náisiúnta Gnímh maidir le Poist, a fhoilsíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta gach bliain, is ea an Straitéis seo a chur i dtoll a chéile. Anuas air sin, thug an ÚNM faoi thaighde chun treorú a dhéanamh ar an straitéis agus choimisiúnaigh siad taighde ar chórais athinmheachán gairme a chuirfidh faisnéis ar fáil do breis gníomhartha faoin straitéis. Bhí Comhdháil Bhliantúil an ÚNM tiomnaithe do théama na fostaíochta le foghlaim chomhroinnte chun straitéis éifeachtach a threorú.

Lean an moratóir ar earcú don earnáil phoiblí ag oibriú agus ba bheag scáinte na deiseanna earcaíochta a bhí ann. Ar aon dul lena bhfeidhm reachtúil, thuairiscigh an ÚNM don Aire maidir le comhlíonadh ag ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí a bhfuil dualgais orthu sprioc 3% a bhaint amach i dtaca le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú. Cé gur baineadh amach an sprioc fhoriomlán 3% an bhliain roimhe sin, níor léirigh roinnt comhlachtaí aonair comhlíonadh go fóill.

Cé nár dhaingnigh Rialtas na hÉireann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Míchumas, tá go leor d'fhorálacha an Choinbhinsiúin á gcur i bhfeidhm tríd an Straitéis Náisiúnta Míchumais. Áirítear leis seo forbairt leanúnach a dhéanamh ar reachtaíocht um Chinnteoireacht Chuidithe. Táthar ag súil leis go n-achtófar seo an bhliain seo chugainn nuair a leanfaidh an ÚNM le treorú a thabhairt ar a cur i bhfeidhm.

Lean an Grúpa Náisiúnta um Fheidhmiú um Luach ar Airgead agus Athbhreithniú ar Bheartas Míchumais, ina ndéantar ionadaíocht don ÚNM, le cur i bhfeidhm an Chláir chomhaontaithe Ghníomhaíochta a chur chun cinn. Tá na beartais nua atá bainteach ar aon dul le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún na NA. Lean an ÚNM le hoibriú ar réimse tionscadal chun gnéithe sonracha an chláir a sholáthar, lena n-áirítear córas leithdháilte acmhainní níos éifeachtaí; creatlach chuí thorthaí; agus caighdeán do roghanna um threoracha nua ar sheirbhísí traidisiúnta lae do dhaoine fásta. Leanfaidh an obair seo isteach in 2015.

Buncheart atá i vótáil atá ag gach saoránach Éireannach, agus bhí an ÚNM ag oibriú leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis na dúshlán shonracha dóibh siúd atá dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu. In 2014, áiríodh leis seo clár píolótach de mhodhanna malartacha chun vótáil a dhéanamh d'fhonn roghanna a fhiosrú le haghaidh deiseanna vótála amach anseo maidir le reifrinn agus olltoghchán.

I rith 2014, lean an ÚNM lena gcuid oibre tar éis iarratas a fháil ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta Míchumais maidir le faisnéis a úsáid maidir le tástáil ghéiniteach, a thabharfadh treorú ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn Rialacháin. Tugadh isteach caighdeán agus rialacháin d'ionaid mhíchumas cónaithe ó Shamhain 2013 ar aghaidh, agus chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (an ÚFCS) tús le próiseas clárúcháin agus cigireachta seirbhísí ón dáta sin. Sa mhullach air sin, chuir an ÚNM tús le hobair chun eispéireas agus foghlaim a athbhreithniú ón bpróiseas rialachán agus caighdeán i seirbhísí míchumais tar éis iarratas a fháil ón Aire Cúraim Phríomhúil agus Shóisialta. Anuas air sin, tugadh cuireadh don ÚNM bheith rannpháirteach i dTascfhórsa FSS um Shábháilteacht Daoine Leochaileacha chun stiúradh agus maoirsiú a dhéanamh ar chlár gníomhaíochta a chur i bhfeidhm le seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeán a chinntiú do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Tá feidhmeanna reachtúla ag an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uirbeach de chuid an ÚNM chun dearadh na timpeallachta tógtha, seirbhísí, táirgí agus TFC a chur chun cinn ionas gur féidir le gach duine rochtain a fháil orthu, iad a úsáid agus iad a thuiscint, gan aird ar a n-aois, méid, cumas nó míchumas. Bhí an Lárionad ag oibriú le páirtithe leasmhara sna hearnálacha cuí, lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla, comhlachtaí caighdeán, comhlachtaí oideachais agus an tionscal i gcoitinne.

Trína gcuid oibre le comhlachtaí caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta, chinntigh an Lárionad gur díríodh ar dhearadh uirbeach i gcaighdeán nua a chuimsíonn soláthar in TFC agus toradh obair ceithre bliana ar threoirlínte nua a chuireann dearadh uilíoch i bhfeidhm i measc na gcaighdeán nua a fhorbraítear ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta. Áiríodh le hobair nua in 2014 ról cathaoirligh ar choiste i dtaca le caighdeán a chumhdaigh dearadh, forbairt agus próiseas táirgthe earraí déantúsaíochta. Tacaíonn díriú na hoibre go léir seo le fíis an ÚNM de thodhchaí ina mbeidh seirbhísí, táirgí agus timpeallachtaí tógtha níos fearr againn.

Lean obair ar siúl ar thaighde agus forbairt treoirilínite do dhearadh uilíoch áitreabh a sheolfar go luath in 2015. Tacóidh iad seo leis an obair ar chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta tithíocht mhíchumais.

Agus aird ar a bhfeidhmeanna reachtúla chun corprú an dearaidh uilíoch in oideachas agus in oiliúint do na gairmeacha a chur chun cinn, lean an ÚNM le cur le taighde agus treoir chun eolas a sholáthar do na curaclaim thríú leibhéal a sholáthrófar sna blianta amach romhainn. Anuas air sin, chuir siad tús le hobair ar churaclam dearaidh uilíoch a fhorbairt don dara leibhéal ina raibh baint ag gearrchúrsa dóibh siúd a d'fhéadfadh bheith ag machnamh ar thabhairt faoi dhearadh ar an tríú leibhéal.

Ba léir go raibh feasacht mhéadaitheach ar dhearadh uilíoch tríd an gcaighdeán iontrálacha chuig Olldúshlán Dearaidh Uilíoch an ÚNM agus an méid spéise atá ann seo. Díríodh seo ar mhic léinn – dearthóirí na todhchaí agus lean an buaiteoir ar aghaidh lena ndearadh a chur i láthair i bhfóraim eile. Cuirfear le rath an chlár bhliantúil seo i mblianta amach anseo. Ina theannta sin, cuireadh feabhas ar fheasacht, chomh maith, trí obair leantach leis an earnáil turasóireachta agus sraith straitéisí a chur chun cinn i limistéir sheirbhíse eile agus trí idirchaidreamh le déantóirí beartais agus leis an tionscal i gcoitinne de réir mar a fhairsingítear an líonra de sheaimpíní dearaidh.

Mar gheall go lorgaíonn an earnáil phoiblí le rochtain saoránach a fheabhsú ar sheirbhísí agus fhorbairtí poiblí ar leibhéal an AE ar Threoir, bainfidh ríthábhacht le hobair chun inrochtaineacht agus inúsáidteacht láithreáin ghréasáin earnála poiblí. Lean an ÚNM ag tabhairt faoi thionscadal comhpháirtíochta leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus le fiosrú a dhéanamh ar inrochtaineacht láithreáin ghréasáin na hearnála poiblí in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile chun foghlaim a sholáthar do sheirbhís phoiblí na hÉireann. Foilsíodh an tuarascáil in 2014.

Sonraítear sa tuarascáil na tionscadail thuas agus go leor eile i mbliain inar ceapadh Údarás agus Cathaoirleach nua leis an ÚNM ar feadh téarma 4 bliana. Leanfaidh an ÚNM ag cur leis an gclár oibre seo isteach in 2015.

Tosaíocht straitéiseach 1: An Straitéis Náisiúnta Míchumais

“Tacú le soláthar éifeachtach Phlean um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais trínár dtaighde, comhairle agus treoird do Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí do dhaoine atá faoi mhíchumas.”

Lean an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le comhairle a chur ar Ranna Rialtais ar bheartas agus cleachtas míchumais, agus go háirithe maidir leis na gealltanais i bPlean um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013-2015 a chur i bhfeidhm. Taispeántar roinnt buaicphointí den obair sin anseo.

Athbhreithniú Meántéarmach ar Phlean um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais

Ar iarraidh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chomhordaigh an ÚNM tuarascáil a chur i dtoll a chéile inar tugadh achoimriú ar dhul chun cinn a rinne Ranna agus Gníomhaireachtaí maidir lena ngealltanais.

Go leithleach, d’ullmhaigh an ÚNM a bpáipéar comhairle neamhspleáiche do ghrúpa um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais, a leag an bhéim ar phríomhláidreachtaí agus príomhlaiseachtaí maidir le tabhairt faoi ghealltanais ag an bpointe meántéarmach.

Suirbhé chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na Straitéise Náisiúnta Míchumais

D’fhoilsigh an ÚNM torthaí suirbhé faoinar tugadh in 2013 chun rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas a rianú i bpríomhlímistéir na Straitéise Náisiúnta Míchumais, ar nós rochtain ar iompar, éascaíocht úsáid na timpeallachta tógtha agus rochtain ar theicneolaíocht. Chaith tuarascáil an tsuirbhé súil ar athruithe a tharla ó rinneadh suirbhéanna roimhe sin in 2009 agus 2011.

Grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais

Tá Stiúrthóir an ÚNM mar chathaoirleach ar an nGrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais, atá ceaptha ag an Aire Stáit, Kathleen Lynch, T.D., chun páirt a ghlacadh i gcomhairle a sholáthar agus i monatóireacht a

dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais, agus soláthraíonn an ÚNM an rúnaíocht don ghrúpa chomh maith. Is éard atá sa ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais ná na príomh-bhrateagraíochtaí míchumais, mar aon le líon daoine aonair a bhfuil fíor-thaithí acu bheith faoi mhíchumas. Bhí sé ghnáthchruinniú ar siúl ag an nGrúpa in 2014 agus ghlac siad páirt in dhá chruinniú Ghrúpa um Fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais.

Straitéis chuimsitheach fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas

D'iarr an tAire Kathleen Lynch, T.D., ar an ÚNM chun ullmhú straitéis chuimsitheach fostaíochta deich mbliana a chomhordú do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus lean siad le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na Ranna Rialtais ábhartha agus le comhlachtaí eile ina leith seo. Faoi dheireadh 2014, rinneadh dul chun cinn substainteach maidir leis an téacs a fhorbairt agus comhaontú a dhéanamh ar chlár gníomhaíochta inar thiomnaigh Ranna agus comhlachtaí stáit do ghníomhartha agus amhrámaí sonracha. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais páipéar teicniúil chun an straitéis a threorú maidir le sprioc fhoriomlán fostaíochta agus chuir siad comhairle ar an Aire maidir le gníomhartha sonracha chun tacú le baint amach na spriocanna straitéiseacha.

Taighde ar athinmheachán gairme

Choimisiúnaigh an ÚNM taighde a bhí le críochnú in 2015, ar an bhfoghlaim ó chórais d'athinmheachán gairme i ndlínsí eile, mar ionchur isteach sa straitéis fostaíochta.

Treoir maidir le roghanna iarscoile

Rinne an ÚNM comhfhoilsiú agus comhchistiú ar threoir a cuireadh i gcló a d'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar roghanna iarscoile do dhaoine óga atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Comhairle don Roinn Sláinte agus do FSS

Measúnacht ar fhoghlaim ó chigireachtaí an ÚFCS

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte tús le clárú agus le cigireacht a dhéanamh ar ionaid chónaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas i Samhain 2013. D'iarr an tAire Stáit Cúraim Phríomhúil agus Shóisialta, Kathleen Lynch, T.D., ar an Údarás Náisiúnta Míchumais chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an bhfoghlaim ón bpróiseas seo, bliain amháin chun cinn. Thit obair amach leis an measúnacht a scóipeáil in 2014, agus tá an mheasúnacht le críochnú in 2015.

Treoirlínte Náisiúnta ar Sheirbhísí Inrochtana Sláinte agus Cúraim Shóisialta

D'fhorbair FSS na treoirlínte i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Míchumais i ndiaidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le daoine atá faoi mhíchumas agus leis an bhfoireann. Tugtar treoir phraiticiúil sna treoirlínte seo ar conas pleanáil a dhéanamh agus seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar atá inrochtana d'othair nó d'úsáideoirí seirbhíse atá faoi mhíchumas. Is iad na príomhtheachtaireachtaí ná 'larr, Éist, Pleanáil agus Déan'.

Cabhróidh na treoirlínte seo leo siúd atá ag oibriú i seirbhísí príomhshrutha sláinte agus cúraim shóisialta chun tuiscint a fháil ar conas seirbhísí a fhreastalaíonn ar dhaoine atá faoi mhíchumas a sholáthar, conas áitreabh inrochtana a dhéanamh d'áitreabh, conas freastal ar riachtanais bhreise daoine atá faoi mhíchumas, agus conas cumarsáid a dhéanamh le daoine atá faoi mhíchumas ar bhealaí a oireann dá riachtanais. Seoladh na treoirlínte in Eanáir 2015.

Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Sheirbhísí Míchumais

Comhalta iad an ÚNM den Ghrúpa Stiúrtha um fheidhmiú Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais ar Sheirbhísí Míchumais, agus de líon de na foghrúpaí a ceapadh chun cur i bhfeidhm chlaochlú mór na dtacaíochtaí agus na seirbhísí do dhaoine atá faoi mhíchumas atá cistithe ag FSS a chur chun cinn.

I measc na bpíosáí ar leith oibre faoinar tugadh, tá:

- Dréacht-Chaighdeán le haghaidh Seirbhísí Lae do Dhaoine Fásta arna n-ullmhú
- Rinneadh comhpháirtíocht le FSS maidir le comhairliúchán a dhéanamh ar na caighdeáin seo, lena n-áirítear cruinnithe réigiúnacha, agus tuarascáil ar an gcomhairliúchán a réiteach.
- Cuireadh comhairle ar FSS chun an beartas ar Dhaoine Fásta a chosaint ó Dhrochíde
- Rinneadh idirchaidreamh leanúnach le FSS agus leis an Roinn Sláinte maidir le creatlach náisiúnta measúnaithe
- Rinneadh taighde agus comhairliúchán leanúnach ar chreatlach thorthaí náisiúnta do sheirbhísí míchumais

Déantar tuairisciú ar bhreis sonraí faoi obair an ÚNM sa limistéar seo faoi [Thosaíocht Straitéiseach 2](#).

Comhairle a chur ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus a ngníomhaireachtaí

D'fhreagair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar chomhairliúchán poiblí ar Phlean na Muirear Uisce. Anuas air sin, rinne an ÚNM idirchaidreamh leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus le hUisce Éireann maidir le conas faisnéis inrochtana fíor-ama a thabhairt do chustaiméirí ar úsáid uisce trí thaispeántaí intí a dheartar go huilíoch atá nasctha le méadair uisce, mar shampla.

Lean an ÚNM ag oibriú le hÚdarás Craolacháin na hÉireann i dtreo Léiriú deonach Intinne a bhain le hionadaíocht a dhéanamh do dhaoine atá faoi mhíchumas agus na daoine siúd a léiriú i gcraolachán Éireannach. Sa mhullach air sin, rinne an ÚNM aighneacht le hÚdarás Craolacháin na hÉireann i dtaobh chomhairliúchán Rialacha Rochtana na hÉireann.

Comhairle a chur ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Thacaigh an ÚNM leis an Roinn agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, agus d'aistriú daoine atá faoi mhíchumas intleachtach in institiúidí cónaithe chuig tithíocht phobail. I measc na limistéar oibre, bhí plean fadtéarmach a scóipeáil le haghaidh dí-institiúidiú, plean cumarsáide le haghaidh idirchaidrimh le cónaitheoirí, teaghlaigh agus foirne, agus saincheisteanna maidir le cumas dlíthiúil agus tionóntachtaí. Rinne an ÚNM aighneachtaí mionsonraithe le hathbhreithniú na Roinne ar an Straitéis Tithíochta Sóisialta agus an Ráiteas Straitéise.

Trialacha Inrochtana Vótála

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi thástáil ar úsáideoirí i Meitheamh 2014 ar roinnt bealaí malartacha go gcaithfidh daoine atá thíos le caillteanas radhairc vóta. Rinne fiche a seacht duine a bhí thíos le caillteanas tromchúiseach nó caillteanas iomlán radhairc tástáil ar thrí bealach éagsúla chun vóta a chaitheamh: forluí tadhlaigh ar an bpáipéar ballóide, vótáil ar an nguthán agus vóta a chaitheamh go leictreonach.

Tugann torthaí foriomlána na dtrialacha le fios nach bhfuil aon réiteach amháin ann is dóchúil a oibreoidh i measc thromlach na vótálaithe atá thíos le caillteanas radhairc. D'fhéadfadh an chuid is mó de na rannpháirtithe an forluí tadhlaigh a úsáid go rathúil i gcás ballóid bhréige nó toghchán bréige i measc líon beag iarrthóirí, ach de réir mar a méadaíodh an líon iarrthóirí,

ní raibh an rogha seo chomh hinúsáidte agus chomh hiontaofa céanna. Molann an ÚNM go mbainfear triail as an gcóras seo i reifreann amach anseo mar rogha le haghaidh vótálaithe atá thíos le cailteanas radhairc, agus go ndéantar measúnú ar na torthaí.

D'éirigh le vótáil trí ríomhaire i measc roinnt vótálaithe, is dócha gurbh iad seo na daoine a bhí compordach agus a raibh taithí acu le huirlisí léimh scáileáin a úsáid. Bhí vótáil ar an nguthán inúsáidte i measc thromlach na vótálaithe, ach cruthaíonn sí go leor dúshlán don vótálaí a bheith cinnte gur caitheadh a vóta ar aon dul lena raibh beartaithe acu. Ina theannta sin, bheadh breis machnaimh le déanamh ar shaincheisteanna lóistíochta agus shlándáil na roghanna siúd. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an taighde faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go ndéanfaidh siad breithniú air.

Straitéis Náisiúnta Tithíochta a chur i bhfeidhm do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Oibrímid go dlúth leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar ghnéithe tithíochta an chláir chun thart ar 3,500 duine atá faoi mhíchumas intleachtach a aistriú ó institiúidí chuig tithíocht phobail. Bhí an Roinn á treorú againn maidir leis na dúshláin éagsúla a bhí i gceist chun tithíocht oiriúnach a chinntiú sa phobal, lena n-áirítear saincheisteanna soláthair, costais, ról na gcaighdeán agus rialacháin.

Rinne an ÚNM aighneacht leis an Straitéis Tithíochta Sóisialta nua, agus leagadh béim ar thábhacht Dearaidh Uilíoch mar chritéar bunúsach i dtaobh forbairtí nua tithíochta sóisialta a sheasfaidh an aimsir. Rinne an ÚNM aighneacht leis an Straitéis Tithíochta Sóisialta nua, agus leagadh béim ar thábhacht Dearaidh Uilíoch mar chritéar bunúsach i dtaobh forbairtí nua tithíochta sóisialta a sheasfaidh an aimsir.

Comhairle a chur ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

D'oibrigh an ÚNM leis an Roinn ar threoirlínte maidir le hoiliúint um fheasacht ar mhíchumas i measc chomhlachtaí poiblí na Roinne. Sholáthair an ÚNM comhairle agus cúnamh ar thionscadal don Údarás Náisiúnta Iompair chun measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna agus na himpleachtaí a bhaineann le haistriú i dtreo cabhrach atá go hiomlán inrochtana do chathaoireacha rothaí san earnáil bhusanna agus chóistí ceadúnaithe, agus d'oibrigh siad leo maidir le Treoirlínte Dearaidh chun faisnéis taistil a thaispeáint. Anuas air sin, rinne an ÚNM aighneacht le

Coiste Comhairleach Tacsaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir leis na Rialacháin um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Leasú), 2014, agus sholáthair siad ionchur sa Choiste maidir leis an mbonn féideartha custaiméirí le haghaidh tacsaithe atá inrochtana do chathaoireacha rothaí.

Athbhreithniú ar Chuid 4 den Acht Míchumais

I Nollaig 2013, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an Údarás Náisiúnta Míchumais chun tabhairt faoi athbhreithniú ar oibriú Chuid 4 den Acht Míchumais, a chuireann toirmeasc ar fhaisnéis ar thástáil ghéiniteach a úsáid le haghaidh cuspóirí, ar nós árachais, pinsin nó morgáistí ceirde. D'fhoráil Alt 44 den Acht go gcuirfí tús le hathbhreithniú tráth nach déanaí ná 2014. D'eagraigh an ÚNM cruinnithe leis an bpríomhleas a bhí i gceist, chuir siad seimineár ar bun chun béim a leagan ar na príomhshaincheisteanna, agus thug siad faoi phróiseas dírithe comhairliúcháin. Cuirfidh aiseolas ón gcomhairliúchán faisnéis ar fáil don tuarascáil deiridh ar an athbhreithniú, a chuirfear faoi bhráid an Aire in 2015.

Taighde agus comhairliúchán maidir le huathachas

Thug an ÚNM faoi thaighde ar an gcur chuige straitéiseach a glacadh i ndlínsí eile i dtaobh beartas agus seirbhísí a bhain le daoine a raibh uathachas orthu. Bhí imeacht comhairliúcháin ar siúl acu agus thug siad faoi phróiseas comhairliúcháin ní b'fhairsinge lena dheimhniú cérbh iad na príomhdhúshláin a bhí roimh dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus a dteaghlaigh. D'ullmhaigh an ÚNM páipéar a rinne na gníomhartha a bhí i bhfeidhm cheana féin a léarscáiliú nó a raibh oiliúint á cur orthu maidir le daoine a bhfuil uathachas orthu. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an ÚNM treoir maidir le freastal ar dhaoine a bhfuil uathachas orthu san oideachas nó san oiliúint, ag baint leasa ó thaighde agus ó threoir ó dhlínsí eile.

Monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí

Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a ról reachtúil chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh dualgais chomhlachtaí poiblí maidir le daoine a fhostú atá faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Don tríú bliain as a chéile, rinne comhréir na foirne atá faoi mhíchumas a tuairiscíodh don tseirbhís phoiblí don bhliain 2013 (3.4%) an sprioc 3% a leagtar amach san Acht Míchumais, 2005 a shárú. B'ionann líon na

bhfostaithe atá faoi mhíchumas, a cuireadh i dtaifead don bhliain 2013 agus 6,464, ar laghdú 147 duine é seo anuas ón mbliain 2012. B'ionann líon iomlán na bhfostaithe san earnáil phoiblí sa bhliain 2013 agus thart ar 193,000, ar laghdú 5,000 duine é seo anuas ó 2012, i gcomhthéacs an lánchoisc leanúnaigh ar earcaíocht.

Thug an ÚNM faoina bpróiseas rialta ina ndéantar athbhreithniú ar na comhlachtaí poiblí siúd nár bhain 3% den fhoireann amach atá faoi mhíchumas sa dá bhliain roimhe sin. Eisíodh iarratais reachtúla ar fhaisnéis níos sonraí do sheacht gcomhlacht. Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhreise seo, ní dhearnadh aon rialú foirmiúil i leith neamhchomhlíonta. Eisíodh treoir shaindeartha do chomhlachtaí nár bhain an sprioc 3% amach.

Anuas air sin, chuir an ÚNM tuarascáil leasaithe faoi bhráid an Aire maidir le comhlíonadh Chuid 5 in 2012, tar éis sonraí leasaithe a fháil ó chomhlacht poiblí mór as ar eascair mionathruithe ar an tráchttaireacht.

Tosaíocht straitéiseach 2: Ag maireachtáil go neamhspleách sa phobal

“Chun taighde a dhéanamh agus a chomhordú maidir le sonraí a bhailiú, agus faisnéis, comhairle agus treoir a thabhairt chun athruithe beartais, córas agus seirbhíse a threorú lena chinntiú gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa phobal mar shaoránaigh ghníomhacha.”

Clár taighde

Thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, iad féin, faoi phíosáí taighde chun faisnéis a sholáthar do bheartas agus do chleachtas nó choimisiúnaigh siad an taighde seo a dhéanamh.

Painéal taighde

Tar éis gur mhol an tÚdarás a bhí ag dul as oifig, thug an ÚNM faoi phróiseas tairisceana chun painéal taighdeoirí a chruthú a raibh inniúlachtaí acu i dtascanna éagsúla taighde a bhain le míchumas. Iarradh ar thaighdeoirí tairiscint a dhéanamh d’aon fhophainéil nó gach fophainéal a bhain le hinniúlachtaí éagsúla taighde, e.g. grúpaí fócais, anailís ar shonraí cáilíochtúla, anailís staitistiúil. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar iarratais, cuireadh iad siúd a bhí cáilithe ar phainéal taighde óna bhféadfaí taighdeoirí a bhain na cáilíochtaí cuí amach, a roghnú chun tairiscint a dhéanamh do phíosáí ar leith oibre. I rith 2014, soláthraíodh líon píosáí taighde tríd an bpainéal seo.

Taighde ar sheirbhísí teiripe mhíchumais leanaí

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag tabhairt faoi chláir chun seirbhísí ildisciplíneacha teiripe a atheagrú do leanaí atá faoi mhíchumas isteach i bhfoirne atá bunaithe i dtaobh tíreolaíochta de chun freastal ar na leanaí ina ndobharcheantair, gan aird ar an saghas lagaithe a bhí orthu. D’iarr Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Údarás Náisiúnta Míchumais chun tabhairt faoi thaighde ar mhéid agus chumraíocht chuí na bhfoirne seo. Rinne tuarascáil an ÚNM athbhreithniú ar an litríocht, scrúdú ar an gcleachtas idirnáisiúnta, agus anailís ar fhoinsí éagsúla sonraí chun meastacháin a sholáthar den líon breise teiripeoirí i speisialtachtaí éagsúla ar gá dóibh freastal ar riachtanais leanaí atá faoi mhíchumas. Cuireadh an

tuarascáil faoi bhráid FSS agus chuir sí faisnéis ar fáil do phoist bhreise teiripe a fógraíodh don bhliain 2015.

Bulaíocht scoile ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas a chosc

D'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an Údarás Náisiúnta Míchumais chun tabhairt faoi thaighde ar idirghabháil éifeachtach chun bulaíocht leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosc, mar chuid de Phlean Gníomhaíochta na Roinne ar Bhulaíocht. Rinne taighde an ÚNM athbhreithniú ar an litríocht sa limistéar seo, rinne siad anailís ar an bhfaisnéis ón Suirbhé 'Ag Fás Aníos in Éirinn', bhí plé acu le cleachtóirí agus saineolaithe oideachais trí phlé duine ar dhuine agus fóram comhchéime, agus thug siad cuairt ar roinnt scoileanna ar sainaithníodh go bhfuil dea-chleachtas iontu. Leagann torthaí an tsuirbhé an bhéim ar thábhacht chur chuige 'scoile iomláine'. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus meastar go seolfar go foirmiúil í in 2015.

Cuntas ar leanaí atá faoi mhíchumas in Éirinn

Rinne píosa taighde a coimisiúnaíodh anailís ar shonraí ón sampla de leanaí a bhí curtha san áireamh sa Suirbhé Náisiúnta ar Mhíchumas (2006). Léirigh na torthaí gur dhóchúla go raibh buachaillí faoi mhíchumas ná cailíní, agus go raibh comhréir ní b'airde de leanaí faoi mhíchumas i ngrúpaí socheacnamaíocha níos ísle agus i measc teaghlaigh aontuismitheora. Cuireadh oideachas ar fhormhór na leanaí a bhí faoi mhíchumas i scoileanna príomhshrutha, ach d'fhreastail comhréir ní b'airde de leanaí ar scoileanna speisialaithe ag céim na hiar-bhunscoile. Bhí leanaí ar a raibh lagú meabhairshláinte thíos le heaspa d'idirchaidreamh sóisialta lena bpiaraí, agus ba dhóchúla go mbeidís as láthair go fadálach ón scoil. Chomhfhóilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) in 2015.

Ionchais tuismitheora

Choimisiúnaigh an ÚNM an ITES chun sonraí a úsáid ón Suirbhé 'Ag Fás Aníos in Éirinn' chun scrúdú a dhéanamh ar ionchais do leanaí atá faoi mhíchumas. Cuirfear seo i gcrích in 2015.

Teaghlaigh a bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas acu

D'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais micreashonraí ón suirbhé 'Ag Fás Aníos in Éirinn' chun anailís a dhéanamh ar conas a d'éirigh le siblíní i dteaghlaigh ina raibh leanbh atá faoi mhíchumas. Thug an fhianaise le fios

gur éirigh go maith leo, seachas i gcásanna ina raibh deacrachtaí tromchúiseacha ag an máthair chun déileáil leis na deacrachtaí í féin.

Daoine a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha, iompair nó meabhairshláinte acu

Rinne taighde a choimisiúnaigh an ÚNM anailís ar na sonraí ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha, iompair nó meabhairshláinte acu. Ar cheann de na príomhthorthaí, deimhníodh go raibh ar a laghad saghas amháin eile de mhíchumas ar naonúr as gach deichniúr a raibh deacracht mheabhairshláinte acu, agus i dtromlach na gcásanna, ainmníodh an míchumas eile mar a bpríomh-mhíchumas. Léiríonn an taighde gur cheart go mbeadh tacaíocht le meabhairshláinte dhaoine mar chuid lárnach de thacaíocht mhíchumais. I gcomparáid le míchumas eile, ba dhóchúla go raibh stiogma ar dhaoine ar a raibh riochtaí meabhairshláinte, agus ba dhóchúla gur sheachain siad rudaí a dhéanamh mar gheall ar mheonta daoine eile. Chomhfhóilsigh an ÚNM agus an ITES an taighde.

Teileachúram, teileashláinte agus teicneolaíocht oiriúnaitheach

Lean dhá staidéar choimisiúnaithe taighde, ar theileashláinte agus theileachúram, agus ar anailís ar thacar sonraí an tSuirbhé Náisiúnta Míchumais maidir le teicneolaíocht oiriúnaitheach, ar aghaidh in 2014 agus meastar go gcríochnófar iad in 2015.

Scéim Deontas um Chur chun Cinn Taighde

Tugann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cuireadh do thograí gach bliain faoina Scéim Deontas um Chur chun Cinn Taighde faoi théama sonrach, agus roghnaíonn siad na tionscadail atá le cistiú trí phróiseas iomaíoch atá bunaithe ar chritéir lena n-áirítear cáilíocht an togra, agus a mhéid a bhaineann siad le beartas nó cleachtas.

Foilsíodh ceann de na tionscadail a cistíodh faoi Scéim 2013, ar théama daoine atá faoi mhíchumas faighte a chónaíonn sa phobal, in 2014. Thug Coláiste na hOllscoile, Corcaigh faoin taighde dar teideal “Ag Maireachtáil le Gortú Faighte Inchinne” (“Living with an Acquired Brain Injury”). Dheimhnigh an tionscadal gurbh iad neasteaghlach agus cairde daoine na tacaíochtaí is tábhachtaí, mar aon le grúpaí piarthacaíochta; agus comharsana agus eagraíochtaí pobalbhunaithe, ar nós grúpaí spóirt nó grúpaí atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. De réir mar a aistríonn daoine atá faoi mhíchumas ó sheirbhísí sláinte ard-déine, chuig seirbhísí athshlánaithe, agus ar ais chuig an bpobal, leag an tuarascáil béim

air go mbaineann rithábacht le haistrithe míne agus idirnascacht seirbhísí chun an próiseas téarnaimh seo a éascú.

Deontais taighde a bronnadh in 2014

Ba iad fostaíocht agus míchumas an téama do bhabhta deontas 2014, agus cistíodh na tionscadail a leanas:

- Anailís ar shonraí faoi fhostaíocht ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais (ITES)
- Na tosca a fhiosrú a bhaineann le filleadh ar obair i ndiaidh stróc (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn)
- Tionchar na tuirse ar chumas oibre daoine ar a bhfuil galair réamatacha (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
- Aistrithe ó oideachas/oiliúint chuig fostaíocht i measc daoine atá faoi mhíchumas (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

Taighde ar Leithdháileadh Acmhainní

Chríochnaigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a measúnacht ar thoradh an dara tástáil allamuigh de chórais leithdháilte acmhainní le haghaidh seirbhísí míchumais, agus cuireadh córais FACE agus InterRAI i gcomparáid lena chéile, agus tugadh faoi anailís chomparáideach ar na ceithre chóras ar a ndearnadh staidéar thar an dá thástáil allamuigh. Tá páipéar comhairle á ullmhú.

Meonta dearfacha i leith míchumais a chur chun cinn

D'fhoilsigh an ÚNM tuarascáil an chomhairliúcháin “Do Ghlór, Do Rogha” (“Your Voice, Your Choice”) a bhí ar siúl ag deireadh na bliana 2013 i dteannta daoine atá faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh maidir le meonta poiblí i leith daoine atá faoi mhíchumas, agus céimeanna dearfacha a bhféadfaí tabhairt fúthu i dtreo feabhas a chur ar mheonta.

Comhdháil Bhliantúil 2014 – Daoine atá faoi mhíchumas a fhostú

Cuireadh Comhdháil Bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais ar bun i nDeireadh Fómhair ar théama na fostaíochta. I measc na n-aoichainteoirí, bhí an Seanadóir Fergal Quinn; an Dr Michael Prince, Ollscoil Victoria; Gráinne Berrill, Piarthionscadal WALK; Peter Furlong agus Alice Kinsella, tionscadal intéirneachta Ospidéal an Náis; agus beirt oibrithe atá faoi

mhíchumas a labhair faoina gcuid eispéireas. Rinne 10 n-eagraíocht cur i láthair ag seisiún póstaer. D'fhreastail os cionn 250 duine ar an gcomhdháil.

Seimineár ar Luachshocrú Róil Shóisialta

Bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ina n-óstaigh ar sheimineár don phríomhlucht déanta beartais agus do chleachtóirí, i dteannta an aoichainteora shaineolaigh, John Armstrong, lena fhiosrú conas is féidir tacú le daoine atá faoi mhíchumas go léireofar luach ar a róil shóisialta ina dteaghlaigh agus a bpobail (“luachshocrú róil shóisialta”), agus conas a d'fhéadfaí an ról seo a chuimsiú i bpleanáil dhuinelárnach i seirbhísí míchumais.

Cruinniú comhchéime maidir le tuismitheoirí agus tuistiú faoi mhíchumas

Rinne an ÚNM comhóstáil ar Chruinniú Comhchéime leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TÚSLA) ar shaincheisteanna agus dúshlán atá roimh tuismitheoirí agus tuistiú faoi mhíchumas a dhéanamh. I measc na rannpháirtithe, bhí TÚSLA, FSS, eagraíochtaí míchumais, soláthraithe seirbhís míchumais, an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tugadh an tuarascáil ón gcruinniú comhchéime do TÚSLA go dtabharfar treoir ar na chéad chéimeanna eile.

Seimineár ar thacú le mic léinn tríú leibhéal atá faoi mhíchumas

Bhí an ÚNM ina gcomhpháirtithe le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad maidir le seimineár ar ar fhreastail an t-aoichainteoir, Myra Berloff, Stiúrthóir ag Oifig Mhíchumais Massachusetts, maidir le tacú le mic léinn atá faoi mhíchumas ar an tríú leibhéal. Anuas air sin, bhí an ÚNM ina n-óstaigh ar cheardlann leis an aoichainteoir agus leis na príomhpháirtithe leasmhara.

An Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2013

Lean an ÚNM le comhairle a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar phríomhlimistéir an Bhille, ar garsprioc thábhachtach iad i dtreo dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ag Éirinn.

Caighdeáin eatramhacha le haghaidh Seirbhísí Lae do Dhaoine Fásta bunaithe ar Threoracha Nua

Foilsíodh an t-athbhreithniú ar Sheirbhísí Lae do Dhaoine Fásta FSS dar teideal ‘Treoracha Nua’ i bhFeabhra 2012. Déanann seo samhail nua seirbhíse a bheartú a leagann an bhéim ar thacú le daoine atá faoi mhíchumas chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí príomhshrutha sa phobal. Déantar ionadaíocht don Údarás Náisiúnta Míchumais ar an ngrúpa um fheidhmiú. Faoi bplean um fheidhmiú, iarradh ar an Údarás Náisiúnta Míchumais Caighdeáin Eatramhacha a fhorbairt don tsamhail nua a leagtar amach in Treoracha Nua, i gcomhoibriú le foghrúpa den ghrúpa um fheidhmiú. In 2014, áiríodh leis an obair seo comhairliúchán poiblí ar Dhréacht-Chaighdeáin Eatramhacha, a raibh 424 aighneacht ann mar fhreagairt air seo. Táthar ag súil leis go gcríochnófar na Caighdeáin Eatramhacha in 2015, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí.

Tuarascáil don Aire Sláinte ar chur i bhfeidhm Chaighdeáin agus Rialacháin an ÚFCS um Sheirbhísí Cónaithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas “Bliain Amháin chun Cinn” (“One Year On”)

Tháinig cumhachtaí dlíthiúla an ÚFCS chun seirbhísí cónaithe míchumais a rialáil i bhfeidhm Dé hAoine, an 1 Samhain 2013. D’iarr an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte, Kathleen Lynch, T.D., go n-ullmhóidh an ÚNM tuarascáil ar eispéireas agus tionchar na Rialachán ‘bliain amháin chun cinn’ tar éis gur cuireadh i bhfeidhm iad. Ina theannta sin uile, d’iarr an tAire go ndéanfaí breithniú ar cheardlann a chur ar bun ar fhoghlaim ó chur i bhfeidhm Chaighdeáin agus Rialacháin an ÚFCS agus go gcuirfí na príomhpháirtithe leasmhara míchumais san áireamh sa phróiseas seo.

Tosaíocht straitéiseach 3:

Dearadh uirbeach na timpeallachta

“Sármhaitheas i ndearadh uilíoch a chur chun cinn chun rannpháirtíocht uasta i sochaí na hÉireann a éascú”

Prionsabail um dhearadh uilíoch a chur chun cinn i gcomhthéacs Éireannach

Taighde ar Uirlis Iniúchta Dearaidh Uilíoch do Bhóithre agus Sráideanna

D'oibrigh an ÚNM le hAoisbhá Éireann i dtaca le hiniúchtaí Insiúilte ag 8 láthair timpeall na hÉireann. Úsáidfear an fhaisnéis a bhailítear sna hiniúchtaí Insiúilte chun faisnéis a sholáthar d'uirlis ardchaighdeán iniúchta le haghaidh bóithre agus sráideanna a fhorbróidh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (LSDU) san ÚNM, i gcomhairliúchán leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuireann an uirlis iniúchta ar chumas fianaise luachmhar a bhailiú i leith gnéithe bóithre agus sráideanna ar féidir leo cosc a chur ar dhaoine a bhfuil réimse leathan cumais acu ó rochtain gan stró a fháil ar fhóntais, siopaí agus seirbhísí áitiúla atá ina bpobal. Foilseofar an tuarascáil ar na hiniúchtaí Insiúilte in 2015.

Taighde agus Moltaí ar Champais Oideachais Chomhroinnte Dearaidh Uilíoch (UD-SEC)

Lean obair ar siúl ar thionscadal taighde chun cur chuige Dearaidh Uilíoch a threorú i leith Campais Oideachais Chomhroinnte in Éirinn, agus cur chuige Dearaidh Uilíoch á úsáid. Rinne an ÚNM idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais maidir leis an obair seo a chur chun cinn. Thug ceardlann chun plé a dhéanamh ar na príomhthorthaí ón taighde lámh chunta in Earrach 2014 i gcomhar leis an uile phríomhpháirtí leasmhar. Tá an obair seo le críochnú in Earrach 2015.

Comhairle agus cúnamh a thabhairt i gcaighdeán um dhearadh uilíoch a fhorbairt

Dearadh Uilíoch do Shraitheanna Straitéisí um Idirchaidreamh Custaiméirí

Tar éis na sraitheanna straitéisí um Dhearadh Uilíoch d'Idirchaidreamh Custaiméirí do na hearnálacha turasóireachta agus fuinnimh a fhoilsiú agus a sheoladh in 2012 agus 2013, tá oiriúnú na sraitheanna straitéisí á chur chun cinn ag an LSDU. Anuas air sin, rinne siad idirchaidreamh le Fáilte Éireann maidir le roinnt cás-staidéar a fhorbairt le roinnt soláthraithe seirbhís turasóireachta chun na tairbhí gnó a léiriú is féidir a bhaint trí na Sraitheanna Straitéisí a úsáid. Críochnófar an obair go luath in 2015.

Dearadh Uilíoch i dTreoir ISO/IEC 71

Ghlac an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumas páirt mar shaineolaí i gComhghrúpa Comhairleach Teicniúil Idirnáisiúnta Caighdeán a nuashonraíonn an phríomhcháipéis idirnáisiúnta maidir le hinrochtaineacht d'fhorbróirí caighdeán, Treoirlínte chun Dul i nGleic le hinrochtaineacht i gCaighdeán, ar a dtugtar Treoir ISO/IEC 71. Chomhcheangail an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ábhar óna gcuid taighde ar antrapaiméadracht (méid an duine) agus ar Dhearadh Uilíoch, go háirithe, agus ábhar ó Aicmiú Idirnáisiúnta na hEagraíochta Sláinte Domhanda um Fheidhmiú (AIF).

Críochnaíodh agus foilsíodh an tionscadal seo go déanach in 2014. Bhí teanga choiteann a fhorbairt maidir le cumas fairsing úsáideora a shainiú ar cheann de phríomhthorthaí na hoibre seo. Cuimsítear ann téarmaíocht nuashonraithe agus cur chuige nua ar conas breithniú a dhéanamh ar chumas agus saintréithe réimse fairsing úsáideoirí (lena n-áirítear daoine breacaosta agus daoine atá faoi mhíchumas) i gcinntí dearaidh a bhaineann le hinrochtaineacht. Mar gheall gurb intuigthe don tionscal inúsáidteacht agus inrochtaineacht a dtáirge nó a seirbhíse a shainiú, d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm in Éirinn gan stró, trí bhealach gan bhacainn a sholáthar chun na saincheisteanna a bhíonn i ndán d'úsáideoirí fairsinge dul i ngleic leo a shainiú. Tá an tionscadal i measc caighdeán idirnáisiúnta ar bhonn uathúil agus tá sé i bhformáid inrochtana agus is féidir é a íoslódáil ón ngréasán saor in aisce.

Dearadh Uilíoch i Sainordú CE M/473 “Dearadh do Chách” (“Design for All”)

Tá baint ag an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uirbeach ag an Údarás Náisiúnta Míchumais le Sainordú M/473 “Dearadh do Chách” an Choimisiúin Eorpaigh. B'éard a bhí i gceist le cuid de ghnéithe insoláthartha Shainordú M/473 ná an ÚNM a cheapadh mar Thionólaí le haghaidh comhghrúpa oibre CEN-CENELEC chun tabhairt faoi chaighdeán nua a fhorbairt (nó a chomhionann de tháirge insoláthartha) a rachadh i ngleic leis na limistéir thosaíochta do phróiseas dearaidh, forbartha agus táirgthe na déantúsaíochta earraí agus soláthair seirbhíse, chun cur síos a dhéanamh ar conas breithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine breacaosta agus cur chuige um Dhearadh do Chách á leanúint (Dearadh Uilíoch).

Tá sé mar chuid de shraith oibre lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach maidir le hInrochtaineacht a chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann sé le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Meastar go mbeidh sé ina fhoilseachán tábhachtach a chuirfidh faisnéis ar fáil ar bhreis caighdeán agus treorach a bhaineann go sonrach le hearnáil. Nuair a fhoilseofar é mar Chaighdeán Eorpach (faoi mar a bheifí ag súil leis), déanfaidh an Eagraíocht Náisiúnta Chaighdeán é a chomhchuibhiú agus a scaipeadh ar fud na hEorpa. Tá obair an ÚNM ar an tionscadal in ainm is bheith críochnaithe in 2018. Faigheann an ÚNM cistiú ón AE i dtreo chostais na rannpháirtíochta san obair seo.

Dearadh Uilíoch i nGníomh COST TU1204

Chomhoibriú an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais mar rannpháirtí i dtionscadal taighde Mhisean Eolaíochta Gearrthéarmach an AE. Cuireadh Dearadh Uilíoch i bhfeidhm mar phríomhthagairt i nGníomh COST TU 1204 ar a dtugtar “Cathracha atá Cairdiúil do Dhaoine i nDomhan ina bhfuil Saibhreas Sonraí” (“People-Friendly Cities in a Data Rich World”). Bhí sé de chuspóir ag an tionscadal seo tuiscint a fháil ar mheicníochtaí na rannpháirtíochta poiblí i gcathair Thagartha Lucca san Iodáil agus chun samhail a fhorbairt do “Bhonn Braite na Cathrach” a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcathracha Eorpacha eile. Is iad torthaí thuarascáil an tionscadail ná gur léiríodh Dearadh Uilíoch mar chuid éifeachtach de straitéis chun saoránaigh a spreagadh chun gnímh, chun teanga choiteann a úsáid maidir le dearadh agus chun próisis chomhchruthaithe phobalbhunaithe a chumasú.

Olldúshlán Dearaidh Uilíoch 2014

D'fhorbair agus d'oibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch comórtas dámhachtainí mic léinn Olldúshlán Dearaidh in 2014. Tugadh cuireadh do mhic léinn sa dá bhliain dheireanacha staidéir ar an tríú leibhéal agus i gcúrsaí iarchéime i scoileanna in Éirinn chun a dtionscadal mac léinn is fearr a iontráil chun dul san iomaíocht le haghaidh Dhámhachtain Rogha na Moltóirí agus Rogha na nDaoine. Príomhuirlis atá san Olldúshlán Dearaidh Uilíoch a chuireann ar chumas an ÚNM/LSDU chun a n-ábhair oideachais a chur chun cinn le haghaidh cúrsaí tríú leibhéal agus chun mic léinn agus teagascóirí a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar Dhearadh Uirbeach mar théama ina n-obair thionscadail.

Bhí an LSDU mar óstaigh ar Thaithí Oibre / Intéirneacht le haghaidh Dearthóir Tionsclaíoch ón Iodáil chun oibriú le tionscadal an Olldúshláin Dearaidh Uilíoch. Chabhraigh an dearthóir le hoibriú an imeachta agus réitigh sé ábhair ghairmiúla a bhí bunaithe ar ghrafaicí ar choincheapa Dearaidh Uilíoch agus próisis bhreithiúnais ar féidir iad a mhacasamhlú le haghaidh imeachtaí amach anseo.

Treoirilínte maidir le Dearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn

Mar chuid dár n-obair chun treoirilínte a fhorbairt do Thithe a Dearadh go hUilíoch, rinneamar scrúdú ar bhreithniúcháin chostais agus oibriú leis an nGníomhaireacht Tithíochta ina leith seo. . Lean an Gníomhaireacht Tithíochta ag oibriú ar an tionscadal Measúnaithe Costais i gcaitheamh 2014. Soláthróidh an Measúnú Costais seo fíor-chostais réalaíocha chun Tithe Dearaidh Uilíoch a thógáil in Éirinn. Anuas air sin, tá an obair seo fite fuaite sa cháipéis chríochnaithe um threoir dhearaidh, “Treoirilínte maidir le Dearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn”. Táthar ag súil leis seo a bheith críochnaithe faoi lár 2015. Chuir an ÚNM Seimineár Tithíochta agus Dearaidh Uilíoch ar siúl agus ba í Kay Saville Smith, saineolaí tithíochta agus taighde ón Nua-Shéalainn, an príomhchainteoir. D'fhreastail ceannasaithe san earnáil tithíochta ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus rialtais araon.

Tithe Dearaidh Uilíoch do Dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, a dTeaghlaigh agus a gCúramóirí

Tá sé de chuspóir ag an tionscadal gairmithe dearaidh agus páirtithe leasmhara ábhartha a sholáthar a bhfuil an treoir riachtanach um Dhearadh Uilíoch acu chun tithe nua a dhearadh nó chun stoc reatha tithíochta a

aisfheistiú lena éascú, a fhad agus is féidir, go mbeidh daoine a bhfuil néaltrú orthu in ann fanacht ina gcónaí ina dtithe agus ina bpobail. Cuimseoidh an Taighde, na Moltaí agus an Treoir maidir le Dearadh ceanglais theaghlaigh na ndaoine siúd a bhfuil néaltrú orthu. Tá an obair seo le críochnú in Earrach 2015.

Tá sé beartaithe an Treoir um Dhearadh ina bhfuil “Treoirlínte um Dhearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn” a sheoladh in 2015 mar chuid de Bhliain Dearaidh na hÉireann 2015.

Gearrchúrsa dara leibhéal i nDearadh Uilíoch

Chuir an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais tús le hobair i dtreo modúl curaclaim Dearaidh Uilíoch a fhorbairt a úsáidfear i scoileanna dara leibhéal.

Leagfaidh an curaclam béim ar mheas a léiriú ar éagsúlacht, i dtaobh fadhbréiteach dearaidh bunaithe ar chleachtais Dearaidh Uilíoch atá úsáideoirlárnach a mhúineadh do dhaltáí dara leibhéal. Beidh an Gearrchúrsa ar aon dul leis na Ráitis Príomhscileanna agus Foghlama i gCreatlach leasaithe na Sraithe Sóisearaí de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Is é an réasúnaíocht an tionscadal chun smaointeoireacht Dearaidh Uilíoch a thabhairt isteach san oideachas d’fhonn an glacadh leis ar an tríú leibhéal a fheabhsú. Beidh sé ar aon dul le tionscnaimh ghaolmhara oideachais Dearaidh Uilíoch agus oibreofar Ceardlann Dara Leibhéal mar chuid de Bhliain Dearaidh na hÉireann 2015. Tá sé beartaithe an Gearrchúrsa a thabhairt isteach in 2016.

Curaclam Dearaidh Uilíoch le haghaidh cúrsaí tríú leibhéal

Lean an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch leis na hábhair oideachais tríú leibhéal ar Dhearadh Uilíoch a fhógairt amhail bheith oiriúnach lena n-úsáid i réimse cúrsaí. Áiríodh leis seo ceardlann a chur ar siúl le gach scoil ailtireachta in Éirinn ar Dhearadh Uilíoch. Thug an t-aittire Beilgeach agus an tOllamh Emeritus, Hubert Froyen, réamheolas sa cheardlann ar Dhearadh Uilíoch a mhúineadh do mhic léinn ailtireachta. Thug comhalta sinsearach den IRAÉ caint sa cheardlann chomh maith agus soláthraíodh an deis do na rannpháirtithe a dtuairimí ar dheiseanna chun Dearadh Uilíoch a mhúineadh a phlé.

Bhí cruinnithe eile agus léachtaí le haíonna ar siúl chun an úsáid a bhaintear as ábhair an churaclaim a chur chun cinn le ranna éagsúla laistigh de DCU, UCD, IT Cheatharlach, UCC agus IT Bhaile Bhlainséir.

Comhalta de ghrúpa comhairleach um Aosú Cliste Roinn an Taoisigh

Bhunaigh Roinn an Taoisigh coiste comhairleach agus tugadh cuireadh don ÚNM bheith mar chomhalta de. Díriodh ar an gcumas atá ag Éirinn bheith i gceartlár na nuálaíochta i limistéar an aosaithe i measc gach earnála, sláinte, oideachas, teicneolaíocht, iompar agus turasóireacht ina measc. Rinne an ÚNM aighneacht leis an Roinn agus bhí siad mar chuid de roinnt cruinnithe i gcaitheamh 2014. Tá an tuarascáil deiridh taighde le foilsiú go luath in 2015.

Méadrú Cliste agus Taispeáint intí d'Fhóntais Bhaile Éireannacha

I ndiaidh gur foilsíodh treoirlínte teicniúla an ÚNM le haghaidh taispeántí intí a sholáthraíonn faisnéis inrochtana, inúsáidte agus intuigthe ar ghás, leictreachas agus uisce tí a úsáid, rinne an ÚNM idirchaidreamh leis an Roinn Comhshaoil agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh ar cad iad na gníomhartha is fearr chun na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm. Leanfaidh an obair seo isteach in 2015.

Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar dhearadh uilíoch

Coimeádann an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uirbeach ag an Údarás Náisiúnta Míchumais comhpháirtíocht chorparáideach le hInstitiúid Dearthóirí Éireann (IDÉ). Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas teagmháil a dhéanamh le ballraíocht fhairsing ghairmiúil IDÉ agus cruthaíonn sé an deis chun an chatagóir Dhearaidh Uilíoch (DU) i nDámhachtainí bliantúla IDÉ a mholadh. Tá suíochán ag an ÚNM ar Chomhairle IDÉ, áit a dtagann deiseanna aníos chun Dearadh Uilíoch i dtionscnaimh IDÉ agus Bliain Dearaidh na hÉireann, a bhaineann le hábhar chomh maith, a chur chun cinn. Ba é Gazel, (crochadán éadaigh Dearthóirí Uilíoch) buaiteoir chatagóir DU Dhámhachtain IDÉ 2014. Tá cur chun cinn an Dearthóirí Uilíoch ar fud IDÉ ag dul i méid i gcónaí agus tá forbairt á déanamh ar phleananna chun chatagóir Dhearaidh Uilíoch a chur san áireamh i nDámhachtainí Céimithe IDÉ 2015.

Comhoibriú leis an IRAÉ ar Dhámhachtain Dearaidh Uilíoch an IRAÉ

Lean ár Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag tacú le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ) maidir leis an gcatagóir Dhearaidh Uilíoch mar chuid dá ndámhachtainí bliantúla ailtireachta in 2014. Is é cuspóir na dámhachtana chun sármhaitheas i nDearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc ghairm na haitireachta in Éirinn. Mar chuid dá dtacaíocht leis an dámhachtain, tugann an LSDU cuireadh d'aitire idirnáisiúnta chun bheith mar chathaoirleach ar an ngiúiré don dámhachtain agus chun léacht a chur i láthair a bhaineann le Dearadh Uilíoch do chomhaltaí an IRAÉ. Thug Stephanie Akkaoui Hughes, ailtire Liobánach atá bunaithe san Ísiltír, léacht ar “Comhthéacsanna a dhearadh chun idirghníomhú daonna a chothú” (“Designing contexts to foster human interactions”). Cuireadh an léacht ar siúl ag Ionad Mic Léinn UCD, buaiteoir an Dearaidh Uilíoch is Fearr agus Dhámhachtain Rogha an Phobail i nDámhachtainí Ailtireachta 2013 an IRAÉ.

Bearta chun inrochtaineacht láithreáin ghréasáin phoiblí san Eoraip a fheabhsú

Tá sé de chuspóir ag an tuarascáil seo ranníocaíocht nua a dhéanamh leis an mbonn reatha fianaise ar inrochtaineacht Ghréasáin d'fhonn tacú leis an bplé reatha i bParlaimint na hEorpa agus Comhairle na nAirí maidir leis an togra a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí chun Treoir sa limistéar seo a chur i dtoll a chéile². Chomhchistigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha an staidéar.

Thug an staidéar faoi measúnuithe ar 39 láithreán gréasáin in Éirinn agus i sé Bhallstát eile agus thug sé faoi agallaimh dhoimhne le bainisteoirí poiblí gréasáin i dtrí thír (Éire, an Ghearmáin agus an tSualainn). Dheimhnigh an staidéar go bhfuil na leibhéil reatha d'inrochtaineacht ghréasáin íseal go fóill. Ní chomhlíonann aon cheann de na 37 láithreán gréasáin seirbhíse poiblí a measúnaíodh i measc na seacht dtír ceanglais WCAG 2.0 AA go hiomlán faoi láthair.

Cuimsítear moltaí sa tuarascáil do bheartas ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta a bhaineann le hinrochtaineacht ghréasáin, agus impleachtaí le haghaidh cleachtais inrochtaineachta gréasáin ar leibhéal náisiúnta.

I measc na bpríomh-mholtaí, tá:

- Is gá tacaíochtaí agus uirlisí láraithe, praiticiúla le haghaidh forbairt agus bainistíocht gréasáin a bheith i bhfeidhm laistigh den earnáil phoiblí i measc na mBallstát go ndéanfar bainistíocht chórasach agus chomhsheasmhach ar inrochtaineacht.
- Is gá inrochtaineacht a chur san áireamh go córasach mar chritéar nuair a bhíonn dearadh láithreán gréasáin agus seirbhísí agus bogearraí forbartha á soláthar go poiblí chun láithreáin ghréasáin a bhainistiú.
- Ba cheart go soláthródh monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht ghréasáin ar leibhéal náisiúnta nó an AE (faoi mar a bheartaítear sa dréacht-Treoir) aiseolas atá áisiúil i dtaobh cúrsaí oibríochtúla de ar féidir le comhlachtaí poiblí a úsáid chun feabhas a chur ar inrochtaineacht a láithreán gréasáin.
- Cuireadh moltaí agus torthaí na tuarascála faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus cuirfidh siad faisnéis ar fáil d'aighneacht na hÉireann ar dhréacht-Treoir an AE.

Tosaíocht straitéiseach 4: Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil

“Timpeallacht, tacaíochtaí, beartais agus córais a fhorbairt lena chur ar chumas an Údaráis Náisiúnta Míchumais tabhairt faoina gcuspóirí straitéiseacha go héifeachtach.”

Córais agus cumarsáid éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú chun tabhairt faoi chuspóirí ar ardchaighdeán

Láithreáin ghréasáin nuashonraithe

Sheol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a láithreáin ghréasáin nua, atá ar fáil ag <http://NDA.ie> agus <http://UniversalDesign.ie>. Feabhsaíonn na láithreáin ghréasáin nua an bealach a scaipeann an ÚNM faisnéis ar líne, agus cuireann siad ar chumas na foirne bainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar ábhar ar líne an ÚNM. Eiseamláir is ea an láithreán gréasáin nua de dhearadh gréasáin nua-aimseartha: tá sé inrochtana do dhaoine atá ar chumas éagsúil, agus tá sé solúbtha a dhóthain é a úsáid ar aon scáileán nó fearas. Áiríodh leis an tionscadal taighde ar riachtanais agus iompar sprioclucht an ÚNM, agus d'fhorbair siad láithreán gréasáin a chuaigh i ngleic leo siúd ina dhiaidh sin. Tá sé de chuspóir ag an ÚNM teimpléid a fhoilsiú, bunaithe ar dhearadh agus ar chód foinseach a láithreáin ghréasáin nua, le ligean do chomhlachtaí poiblí eile láithreáin ghréasáin atá chomh hinrochtana agus chomh solúbtha céanna a chruthú.

Cothabháil foirgnimh

Tugadh faoi na hoibreacha ábhartha cothabhála.

Meastar go ligfear urlár de chóiríocht na hoifige ar léas in 2015.

Seirbhísí Bainistithe Cló

Ghlac an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le Conradh Seirbhísí Bainistithe Cló na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 2013. Cuireadh breis feabhsúchán ar chleachtas priontála chun cinn in 2014 agus mhéadaigh seo éifeachtúlacht.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Baineann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leas as an tSeirbhís Chomhroinnte Tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

I measc na bhfeabhsúcháin in 2014, bhí athnuachan chóras an líonra a sholáthair leaganacha níos cothroime le dáta agus a bhfuil tacaíocht níos fearr acu de na bogearraí agus na brabhsálaithe idirlín riachtanacha.

Baineadh na seanfhreastalaithe den Údarás Náisiúnta Míchumais go ndéanfaí iad a dhiúscairt go cuí agus lena chur ar chumas na príomhshonraí a stóráil.

Tugadh Réiteach Teileafónaíochta nua isteach a úsáideann líonra sonraí chun cumarsáid ghutha a tharchur, seachas línte gutháin traidisiúnta, a chruthaíonn feidhmiúlacht fheabhsaithe mar aon le coigiltí suntasacha i gcostais teileachumarsáide. Tá glaonna ar ranna agus gníomhaireachtaí a bhaineann leas as an gcóras céanna líonra saor in aisce agus d'fhéadfaí glaonna a atreorú trí ionad glaonna ar chostais níos ísle.

Scaipeadh sáis láimhe nua ar an bhfoireann a chuireann ar a gcumas teileachomhdháil a dhéanamh, agus cuireann cuid díobh ar chumas físchomhdháil a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Cumarsáid éifeachtach sheachtrach a chinntiú

Ríomh-Nuachtlitir

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais trí eagrán dá Ríomh-Nuachtlitir a scaiptear ar bhreis agus 2,500 síntiúsóir.

Achoimrí “Sracfhéachana”

D'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais teimpléad le haghaidh achoimrí “Sracfhéachana” d'fhoilseacháin an ÚNM a sholáthróidh treoracha gearra furasta maidir le torthaí an ÚNM le haghaidh lucht leanta níos fairsinge.

Leabharlann a choimeád chun taighde agus beartas míchumais agus dearaidh uilíoch a threorú

Tacaíonn Leabharlann an ÚNM le comhairle fhianaisebhunaithe a fhorbairt trí chuardaigh litríochta don fhoireann. Tá an leabharlann ar oscailt don phobal i gcoitinne Déardaoine tar éis coinne roimh ré a dhéanamh. Tá breis agus 50,000 earra inár leabharlann maidir le míchumas, inrochtaineacht

agus ábhair ghaolmhara. I measc an bhailiúcháin, tá leabhair, ríomhleabhair, ríomh-irisleabhair, irisleabhair chlóite, DVDanna, CD-ROManna agus ábhar cartlainne. In 2014, d'fhreagair foireann na leabharlainne do bhreis ar 300 ceist, lena n-áirítear cuardaigh litríochta don fhoireann, iarratais ar ailt, leabhair a fháil ar iasacht, athnuachan, agus fiosrúchán ón bhfoireann agus ón bpobal i gcoitinne. Cuireadh an fhoireann ar an eolas go rialta ar fhorbairtí beartais agus taighde agus ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid oibre.

An Straitéis Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann agus cultúr dearfach oibre a chothú

Nuashonraíodh líon beartais AD chun freagairt d'athruithe a tháinig ar an reachtaíocht agus tosca eile a d'imir tionchar. Cuireadh feabhas ar shaoire thuismitheora, lena n-áirítear méadú ar an méid saoire atá ar fáil do gach tuismitheoir ar aon dul le beartas na státseirbhíse, ionas gur féidir leis an bhfoireann Saoire Thuismitheora a ghlacadh le haghaidh leanaí a shine le 13 bliana d'aois. Ag eascairt as Comhaontú Bhóthar Haddington, ón 1 Iúil 2014, laghdáíodh an méid Fleisc-Shaoire is féidir leis an bhfoireann cháilitheach a ghlacadh.

Tugadh cead don ÚNM chun post buan Oifigeach Sinsearach Taighde a líonadh agus d'fháiltigh an ÚNM roimh cheapadh an oifigigh i lár na bliana ina dhiaidh sin.

Oiliúint agus Forbairt

Lean Oiliúint agus Forbairt na gcomhaltaí foirne ar bun agus faoi mar a chuir a gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (PMDS) in iúl. Anuas ar réimse oiliúna a thit amach i measc daoine aonair áirithe, lena n-áirítear Bloic Thógála le haghaidh Ceannaireacht Chliste i dtaobh cúrsaí Mothúcháin, Plean Gníomhaíochta Bainistíocht Fuinnimh, Láithreán Gréasáin an ÚNM a Chur in Eagar, Tairbhí Bainistíocht Riosca a Aithint agus Oiliúint Bainistíocht Líne.

Coiste Comhpháirtíochta

Chas ár gCoiste Comhpháirtíochta 4 huairé i rith 2014. Áiríodh le hobair an choiste i gcaitheamh na bliana Scéim na Moltaí Foirne don bhliain 2014 a oibriú inar bronnadh ceithre dhuais faoi na catagóirí "Am agus Airgead a Shábháil" agus "Tionscnaimh Fuinnimh", Bullaitín Comhpháirtíochta don fhoireann a chur i dtoll a chéile agus a eisiúint, ionchur i bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí an ÚNM, agus leanúint le smaointe a thabhairt chun solais chun tionscnaimh mheánma na foirne a threorú.

Soláthar freagrachtaí éifeachtacha reachtúla agus rialála a chinntiú

Airgeadas agus rialachas

Ar aon dul leis an Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, d'ullmhaigh agus chuir an ÚNM cuntais airgeadais don bhliain 2013 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Thug Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais an ÚNM.

Ceapadh Údarás nua in Iúil 2014. Ina dhiaidh seo, sheol an ÚNM na cuntais fhaofa agus an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2013 ar aghaidh chuig an Aire. Cheap an tÚdarás Coiste Iniúchta agus Coiste Airgeadais ag a gcéad chruinniú. Chas an tÚdarás ar a chéile 3 huaire in 2014. Chas an Coiste Iniúchta uair amháin in 2014, agus rinne a gCathaoirleach tuairisciú ag cruinniú deiridh an Údaráis in 2014. Chas an Coiste Airgeadais ar a chéile faoi dhó in 2014, agus rinne siad faireachas agus tuairisciú ar chaiteachas an ÚNM.

Fuinneamh

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

Tá clárú déanta ag Foireann Fuinnimh an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais agus tá cuntais á gcoimeád acu don Údarás Náisiúnta Míchumais le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá achar iomlán urláir 2,633m² san Údarás Náisiúnta Míchumais ina bhfuil dhá stór os cionn Foirgneamh Victeoiriach ar leibhéal gairdín (x 2), foirgnimh naisc a críochnaíodh in 2006 agus foirgneamh trí stór ina aice sin ina bhfuil áiléar chomh maith, a críochnaíodh go luath sna 1980idí. Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach, is é sin, Soilsiú, TFC agus Oifigí, Aerchóiriú agus Seirbhísí Ginearálta
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha), is é sin, Téamh Spáis (ciorcaid radaítheora LTHW agus téamh faoin urlár) agus Uisce Te (HWS).

In 2014, d'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 45 MWh d'fhuinneamh, as a raibh:

- 10.8 MWh de leictreachas
- 34.2 MWh de bhreoslaí iontaise
- 0 MWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Gníomhartha faoinar tugadh in 2014

In 2014, thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi réimse tionscnamh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Seirbhís Bhainistithe Chló a thabhairt isteach ina bhfuil printéirí agus innill fótachóipeála éifeachtúla as ar eascair coigiltí bliantúla 2 MWh
- Feachtas Feasachta ar Fhuinneamh, as ar eascair coigiltí bliantúla 3.1 MWh de choigiltí bliantúla, a bhí dírithe ar na limistéir a leanas: Fuinneamh Ginearálta, Trealamh TF, Fuinneamh sa Bhaile, Soilsíú, Iompar
- D'eascair coigiltí 0.6 MWh as uaineadóirí a shuiteáil le haghaidh an innill chaife agus an oighinn mhicreathonnaigh
- córas monatóireachta agus sprioctha fuinnimh (M agus S) a fhorbairt inar féidir léimh mhéadair de láimh a dhéanamh Monatóireacht ghearrthéarmach fuinnimh a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar bhonnualaí leictreachais agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus spriocanna a leagan amach Táscairí feidhmíochta fuinnimh (TFFanna) a dheimhniú, as ar eascair coigiltí bliantúla 5.9 MWh
- Thug beirt Chomhaltaí na Foirne Fuinnimh faoi Oiliúint ar Phlean Gníomhaíochta Bainistíocht Fuinnimh
- Léiríodh tiomantas do Chlár Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEarnála Poiblí (ceapadh Bainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíochta i Samhain 2014)
- Soláthar atá Éifeachtúil i dtaobh Fuinnimh de, ar nós soláthairtí fuinnimh a sholáthar tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS), trealamh a rangáítear amhail Trí-E a sholáthar, agus prionsabail an dearaidh atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a chuimsiú ag céim dhearaidh thionscadal caipitiúil.
- Beartas fuinnimh an ÚNM a fhorbairt

I dteannta a chéile, tá 11.6 MWh d'fhuinneamh á choigilt gach bliain ag an Údarás Náisiúnta Míchumais mar gheall ar na beartais coigilte fuinnimh seo agus cinn eile.

Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana an ÚNM, a ceapadh ar aon dul leis an Acht Míchumais, 2005, leis an gcabhair chuí a threorú agus a shocrú do dhaoine atá faoi mhíchumas a fuair rochtain ar áiseanna, imeachtaí agus láithreán gréasáin an ÚNM in 2014. Tá sonraí teagmhála an Oifigh Rochtana ar leathanach baile láithreán gréasáin an ÚNM.

Ráitis Airgeadais, an 31 Nollaig 2014

Comhaltaí an Údaráis agus Faisnéis eile

Ón 22 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2014

Comhalta den Údarás	Líon chruinnithe an Údaráis ar ar freastalaíodh i rith na tréimhse seo
An tUasal Helen Guinan (Cathaoirleach)	3/3
An tUasal Orla Barry	3/3
An tUasal Frank Cunneen	3/3
An tUasal Des Kenny	2/3
An tUasal Ruthann La Malfa	3/3
An tUasal Mary Lavelle	3/3
An tUasal Teresa McDonnell	2/3
An tUasal Déaglán Ó Briain	2/3
An tUasal Deirdre O'Connor	3/3
An tUasal James O'Grady	2/3
An tUasal Donie O'Leary	3/3
An tUasal Alison Ryan	3/3
An tUasal Donal Rice	3/3

Comhalta den Choiste Iniúcháireachta	Líon chruinnithe an Choiste Iniúchta ar ar freastalaíodh i rith na tréimhse seo
An tUasal Donal Lawlor (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta)	I/I

- Stiúrthóir: Siobhán Barron
- Aturnaetha: Aturnaetha Beauchamps, Uimhir a Dó Cois Abhann, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2
- Baincéirí: Banc na hÉireann, 104 Raghmallach, Baile Átha Cliath 6
- Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an 12 Meitheamh, 2000 faoi Alt 6 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999.

Feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais

Is í príomhfheidhm an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais ná comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi shaincheistean beartais agus cleachtais i ndáil le míchumas.

I measc fheidhmeanna ar leith an Údaráis faoi Alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, tá:

- Gníomhú mar chomhlacht lárnach náisiúnta a chabhróidh leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt i ndáil le daoine faoi mhíchumas.
- Tabhairt faoi thionscadail taighde agus ghníomhaíochtaí ar shaincheistean a bhaineann le míchumas, iad a choimisiúnú nó comhoibriú iontu agus cabhrú le heolas staitistiúil a fhorbairt atá oiriúnach do phleanáil, sheachadadh agus mhonatóireacht clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhairle a chur ar an Aire faoi chaighdeán oiriúnacha do chláir agus sheirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach maidir le caighdeán ghinearálta agus shonracha a fhorbairt i ndáil le cláir agus seirbhísí den sórt sin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm caighdeán agus cóid chleachtais i gcláir agus seirbhísí arna soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus tuairisc a thabhairt don Aire air sin.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir comhlachtaí corparáideacha agus neamhchorpraithe, atá i mbun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus forbairt agus cur i bhfeidhm caighdeán oiriúnach um chláir agus sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a éascú agus a thacú.
- Cóid chleachtais a ullmhú agus é mar aidhm dea-chaighdeán agus cáilíocht a bhaint amach maidir le soláthar clár agus seirbhísí arna soláthar nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Baint amach dea-chaighdeán agus cáilíochta i soláthar clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a aithint, lena n-áirítear trí chóras gradam um chomhionannas míchumais.
- Pleananna straitéiseacha a ullmhú

I measc fheidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais, 2005, tá:

- Cóid chleachtais a ullmhú maidir le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí, eolais agus suíomhanna oidhreacht agus maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar iarratas an Aire (Cuid 3).
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla um earcú agus fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh le glacadh áit nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtais a ullmhú áit a n-iarrtar sin (Cuid 5).
- Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha agus i dteicneolaíocht faisnéise a bhunú a dhéanfaidh cur chun cinn ar phrionsabail an dearaidh uilíoch ar féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil orthu agus iad a thuiscint agus a úsáid an oiread is féidir:
 - ar an mbealach is neamhspleáiche agus is nádúrtha
 - sa raon suíomhanna is leithne is féidir
 - gan oiriúint, modhnú, fearais chúnta nó réiteach speisialaithe a bheith ag teastáil (Cuid 6).

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Ceanglaítear ar an Údarás trí hAlt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais siúd á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- cloí leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tAcht. Anuas air sin, tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis Náisiúnta Míchumais a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh feasta chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar cheann an Údaráis

Cathaoirleach:

Helen Guinan
Cathaoirleach

Stiúrthóir:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

Thar cheann Bhord an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, is mian liom ár bhfreagracht a aithint a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Ceapadh an Bord ón 22 Iúil 2014 ar aghaidh agus ghlac siad bearta, idir an dá linn, lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- A chinntiú go ndéantar freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Cultúr tréan freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá an tÚdarás sásta go bhfuil próisis bhunaithe ann chun rioscaí gnó a shainaithint agus le measúnú a dhéanamh orthu. Baintear seo amach ar roinnt bealaí, lena n-áirítear:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainaithint atá roimh an Údarás Náisiúnta Míchumais
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh Tá clár riosca i bhfeidhm ag an ÚNM lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla, teicneolaíocht faisnéise, airgeadais

agus clú / comhlíonta Anuas air sin, críochnaítear anailís riosca ag céim phleanála agus scóipeála an tionscadail

- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais agus tacú le straitéisí an Údaráis chun na spriocanna siúd a bhaint amach
- Tabhairt faoi athbhreithnithe rialta ar an bplean straitéiseach agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i dtaobh an chumais chun an plan a thabhairt chun críche
- Spriocanna bliantúla a leagan amach le haghaidh gach limistéir dár ngnólacht, agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach
- Nósanna imeachta agus foráil chaighdeánach a bhunú agus a chur i bhfeidhm faoinar féidir cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear forálacha a cheanglaíonn aisíocaíocht mura gcomhlíonann an tionscadal na tiomantais a rinne an conraitheoir

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmलगin agus cuntasáíochta. Go háirithe san áireamh tá:

- Córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann comhaltaí an Údaráis comhaontú agus athbhreithniú air
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuatha, a leagann spriocanna amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhais

Sheachfhoinsigh an tÚdarás Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh, a oibríonn de réir an Chreatchóid Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Leasaithe ar Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. I rith 2014, thug an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais faoin tSeirbhís Iniúchta Inmheánaigh. Áirítear le ról na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh tuairisciú rialta a dhéanamh don Choiste Iniúchta, faoi mar is cuí. I mBealtaine 2014, thug Iniúchadh Inmheánach faoi Athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais agus rinne an Coiste Iniúchta breithniú air seo.

Tá an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh chun cinntiú go gcoimeádtar nósanna imeachta cearta agus éifeachtacha um rialú airgeadais agus déanann siad maoirsiú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus ar aon phleananna bainteacha chun aon réimsí nua a sainaithníodh a chur san áireamh:

Cuireann an méid a leanas faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais:

- obair na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus ról an Choiste Iniúchta a bhunaigh an tÚdarás, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an timpeallacht rialachais corparáidigh
- na bainisteoirí feidhmiúcháin leis an Údarás Náisiúnta Míchumais atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choimeád
- an coiste Airgeadais a bhunaigh an tÚdarás a thugann tuairisc gach ráithe, ar a laghad, ar chaiteachas airgeadais agus shaincheisteanna gaolmhara,
- na saincheisteanna a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste chun solais.

Bhraith an Bord, i gcaitheamh na tréimhse sular ceapadh é in Iúil, ar dhearbhuíthe ón Stiúrthóir go raibh rialuithe airgeadais ag oibriú go héifeachtach ó thús na bliana i leith. Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar thuairisc ón gCoiste Iniúchta a cuireadh faoi bhráid an Bhoird ag a chruinniú i Nollaig 2014.

Dearbhaím, chomh fada agus is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis thuas cruinn.

Helen Guinan
Cathaoirleach

Dáta:

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Míchumais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 faoi Acht an Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá sainordaithe de réir Alt 17 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar ghnóthaí an Údarás Náisiúnta Míchumais agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo chúram ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí fhéachaint chuig na comaoiní speisialta a ghabhann le Comhlachtaí Stáit maidir le bainistíocht agus oibriú na gcomhlachtaí céanna.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An RA agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná dóthain fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadas saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Mar chuid den iarracht sin déantar measúnú maidir leis na saincheistean seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil na polasaithe oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhréireach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad.

- cibé acu an raibh nó nach raibh na meastacháin a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú réasúnta
- leagan amach iomlán na ráiteas airgeadais

Freisin déanaim iarracht fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas go bhfuil aon mhírátis nó neamhréireachtaí ábhartha soiléire i gceist déanaim machnamh ar na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascála.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh i gceart iad de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar staid cúrsaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh 2014.

Is é mo thuairim ná gur choimeád an tÚdarás leabhair chearta chuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Ábhair a nDéanaim Tuairisc Orthu trí hEisceacht

Tugaim tuairisc trí heisceacht más amhlaidh

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon tarlúint ábhartha áit nár baineadh úsáid as airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis arna rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit,
- Go bhfaighim go bhfuil ábhair ábhartha eile i gceist maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na hábhair úd a ndéantar tuairisciú orthu trí heisceacht

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

7 Lúnasa 2014

An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Glacann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

Ioncam Dheontas an Oireachtais

Léiríonn an t-ioncam ón bhfoinse seo na suimeanna a sholáthair an roinn urraithe don ÚNA trí thuarastail agus costais eile a íoc go díreach.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear Sócmhainní Seasta ar a gcostas bunúil, nó ar luacháil lúide dímheas carnach.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla a leanas:

- Troscán agus Trealamh Oifige: 10.00 % (Líne Dhíreach)
- Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire: 20.00 % (Líne Dhíreach)
- Áitreabh: 2.50 % (ar bhonn larmhéid Laghdaitheach)

An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an tsuim neamhamúchta ioncaim a dáileadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais scéim pinsin sochair shainithe, atá cistithe go bliantúil ar bhonn 'íoc de réir a chéile' ó airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh as tuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a

choimeádtar thar ceann an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

An Cuntais Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014	2013
Ioncam			
		€	€
Ioncam deontais	2(a)	3,240,600	3,426,814
Glanhistiú iarchurtha le haghaidh Pinsean	10(b)	778,000	815,000
Ioncam Eile	2(b)	22,357	29,866
		4,040,957	4,271,680
Aistriú ó / (chuig) an gCuntas Caipitiúil	8	68,784	74,475
Ioncam Iomlán		4,109,741	4,346,155
Caiteachas			
Tionscadail agus Obair Choimisiúnaithe	3	374,920	509,596
Costais Forbartha, Tacaíochta agus Riaracháin			
Costais Phárolla	4	1,873,491	1,935,007
Costais Phinsin	10(c)	1,236,210	1,257,597
Costais Riaracháin	5	479,979	545,460
Dímheas	7	73,963	74,475
		3,663,775	3,812,539
Caiteachas Iomlán		4,038,563	4,322,135
Barrachas don bhliain	13	71,178	24,020

	Nótaí	2014	2013
Barrachas a coimeádadh amhail an 1 Eanáir		197,668	173,648
Barrachas a coimeádadh amhail an 31 Nollaig		268,846	197,668
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán			
Barrachas don bhliain		71,178	24,020
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	10(e)	(978,000)	(515,000)
Coigeartú an Chistithe larchurtha Pinsin		978,000	515,000
Gnóthachan Aitheanta Iomlán don Bhliain		71,178	24,020

Baineann na torthaí don bhliain le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe:

Helen Guinan
Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cunneen
Comhalta an Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014	2013
		€	€
Sócmhainní Seasta	7	2,807,709	2,869,467
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	12	305,399	259,475
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	9(b)	1,984	2,323
		307,383	261,798
Dlíteanais Reatha			

	Nótaí	2014	2013
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	11	38,537	64,130
		38,537	64,130
Glansócmhainní Reatha		268,846	197,668
Sócmhainní Iomlána Iúide			
Dliteanais roimh Phinsin		3,076,555	3,067,135
Sócmhainn Mhaoinithe			
Iarchurtha le haghaidh Pinsean	10(d)	(16,600,000)	(16,800,000)
Dliteanais Phinsin	10(e)	16,600,000	16,800,000
		3,076,555	3,067,135
Arna léiriú ag:			
An Cuntas Caipitil	8	2,807,709	2,869,467
Barrachas a Coimeádadh ar an			
gCuntas Ioncaim agus			
Caiteachais	13	268,846	197,668
		3,076,555	3,067,135

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe:

Helen Guinan
Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cunneen
Comhalta an Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014	2013
		€	€
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó			
Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9a	4,840	(6,038)
Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísíú Airgeadais			

	Nótaí	2014	2013
Ús a Fuarthas		0	1
Glan-Insreabhadh ó Thorthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais		0	1
Gníomhaíochtaí Infheistíochta			
Sócmhainní Seasta a Cheannach	7	(5,179)	0
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		0	0
Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta		0	0
Méadú / (Laghdú) ar Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	9b	(339)	(6,037)

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe:

Helen Guinan
Cathaoirleach

Sínithe:

Frank Cunneen
Comhalta an Údaráis

Sínithe:

Siobhán Barron
Stiúrthóir

Dáta:

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

1. Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

2. Ioncam

	2014	2013
	€	€
2 (a) Ioncam Deontais		

	2014	2013
Déantar an méid iomlán a íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais thar ceann an ÚNM a tharraingt anuas faoi fhotheideal DII vóta 24	3,240,600	3,426,814
	3,240,600	3,426,814
2 (b) Ioncam Eile		
Ús Bainc	0	1
An Roinn Coimirce Sóisialaí	7,082	12,113
Ilearraí	15,275	17,752
	22,357	29,866

3. Tionscadail agus Obair Choimisiúnaithe

Chaith an tÚdarás Náisiúnta Míchumais €374,920 (2013: €509,596) ar thionscadail agus ar obair choimisiúnaithe. Rangaíodh caitheamh iarbhir faoi na fotheidil a leanas:

	2014	2013
	€	€
Taighde	158,584	274,122
Acmhainní Faisnéise	58,676	27,382
Dearadh Uilíoch a Chur chun Cinn	52,063	66,676
Seirbhísí Corparáideacha	51,941	53,126
Caighdeáin agus Treoirínte	25,942	23,667
Comhdhálacha agus Seimineáir	18,560	57,542
Sainchomhairleoireacht	6,780	4,084
Aistriúchán	2,374	2,997
Iomlán na dTionscadal agus na hOibre a Coimisiúnaíodh	374,920	509,596

4. Costais Phárola

	2014	2013
	€	€
Pá Foirne an ÚNM	1,869,847	1,931,023
Foireann Ghníomhaireachta	3,644	3,984
	1,873,491	1,935,007

Ba é 33 duine an meánlíon foirne a bhí fostaithe ag an Údarás i gcaitheamh na bliana (2013: 33).

Luach saothair an Stiúrthóra

Íocadh tuarastal €95,816 (2013: €97,924) leis an Stiúrthóir in 2014 ar Scála Phríomhoifigeach na Státseirbhíse. Ní dhearnadh aon íocaíocht eile de chineál pá leis an Stiúrthóir i rith na bliana. Tá an Stiúrthóir ina comhalta de scéim sochair shainithe neamhchistithe de chuid na hearnála poiblí agus ní sháraíonn a cuid teidlíochtaí na teidlíochtaí caighdeánacha a bhíonn ar fáil do scéim den sórt sin.

5. Costais Riaracháin

	Nótaí	2014	2013
		€	€
Costais Taistil		13,937	24,544
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne agus Sláinte agus Sábháilteacht		16,704	32,922
Forchostais a bhaineann leis an bhfoirgneamh		87,819	87,633
Rates		52,197	68,490
Glantachán / Costais Tí		52,013	54,228
Táillí agus Costais an Údaráis	6	35,193	68,267
Postas agus Gutháin		22,446	22,565
Costais reatha na hoifige		26,831	43,675
An Leabharlann		7,869	19,141
Costais TF		95,669	84,508
Táillí Gairmithe		12,787	22,867
Táille Iniúchta		16,600	16,620
Deisiúcháin Foirgnimh		39,914	0
		479,979	545,460

6. Táillí agus Costais an Údaráis

Íocadh caiteachas €35,193 (€68,267 in 2013) i dtaca le Táillí an Údaráis.

Comhalta den Údarás	Táillí	Costais a íocadh le nó thar ceann	Iomlán

Comhalta den Údarás	Táillí	Costais a íocadh le nó thar ceann	Iomlán
An tUasal Helen Guinan	€4,489	€1,612	
An tUasal Orla Barry	€0		
An tUasal Frank Cunneen	€2,993		
An tUasal Des Kenny	€2,993		
An tUasal Ruthann La Malfa	€2,993		
An tUasal Mary Lavelle	€2,993		
An tUasal Teresa McDonnell	€2,993	€57	
An tUasal Déaglán Ó Briain	€0		
An tUasal Deirdre O'Connor	€2,993		
An tUasal James O'Grady	€2,993		
An tUasal Donie O'Leary	€2,993	€775	
An tUasal Alison Ryan	€2,993	€172	
An tUasal Dónal Rice	€0		
Fo-iomlán	€31,426	€2,484	
Donal Lawlor (Cathaoirleach an Choiste Iniúchta)	€1,283		
Iomlán	€32,709	€2,484	
			€35,193

Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gnáthchomhaltaí an Údaráis agus an Cathaoirleach ainmnithe an 22 Iúil 2014. Tháinig an Cathaoirleach ainmnithe os comhair Choiste an Oireachtais an 17 Meán Fómhair 2014, inar sceidealáíodh chéad chruinniú an Údaráis ina dhiaidh sin. Íocadh táillí leathbhliana le comhaltaí an Údaráis i Nollaig 2014.

7. Sócmhainní Seasta

	Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire	Troscán agus Trealamh Oifige	Áitreab h Ruilse	Iomlán

	Crua-Earraí agus Bogearraí Ríomhaire	Troscán agus Trealamh Oifige	Áitreabh Ruilse	Iomlán
	€	€	€	€
Costas nó Lúcháil				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	411,778	109,129	3,988,604	4,509,511
Breisiúcháin ar chostas	5,179	0	0	5,179
Caipitliú Sócmhainní a ceannaíodh i mblianta roimhe seo	6,571	34,591	0	41,162
Diúscairtí	(241,456)	(26,577)	0	(268,033)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	182,072	117,143	3,988,604	4,287,819
Dímheas Carnach				
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	409,770	108,225	1,122,049	1,640,044
Gearrtha sa bhliain	1,157	1,142	71,664	73,963
Dímheas Carnach ar Shócmhainní a ceannaíodh i mblianta roimhe seo	4,771	29,365		34,136
Diúscairtí	(241,456)	(26,577)		(268,033)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	174,242	112,155	1,193,713	1,480,110
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2014	7,830	4,988	2,794,891	2,807,709
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2013	2,008	904	2,866,555	2,869,467

Oibríonn an tÚdarás a ngnó óna n-áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, a bhfuil siad ina n-úinéir air. Níl

aon réadmhaoin eile ag an Údarás agus ní léasaíonn siad aon réadmhaoin eile.

8. An Cuntas Caipitil

	Nótaí	2014	2013
		€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		2,869,467	2,943,942
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach	7	5,179	0
Ioncam a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainní	7	(73,963)	(74,475)
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		(68,784)	(74,475)
Athrangú Sócmhainní Seasta	7	7,026	0
Gluaiseacht iomlán		(61,758)	(74,475)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		2,807,709	2,869,467

9. Réiteach Sreabhadh Airgid

	2014	2013
	€	€
9 (a) Réiteach an Bharrachais don Bhliain go dtí Airgead ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don tréimhse	71,178	24,020
Coigeartú le haghaidh earraí neamhoibriúcháin		
Ús Infhaighte	0	(1)
Gluaiseacht ar an gCuntas Caipitiúil	(61,758)	(74,475)
Coigeartú le haghaidh earraí neamhairgid		
Dímheas	73,963	74,475
Athrangú Sócmhainní Seasta	(7,026)	0
Athrú i bhFabhrúithe	(45,924)	(55,105)
Athrú i gCreidiúnaithe	(25,593)	25,048
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	4,840	(6,038)
9 (b) Réiteach an Sreafa airgid chuig Ghluaiseacht sna Glanchistí		

	2014	2013
Glanhistí amhail an 31 Nollaig 2013	2,323	8,360
Laghdú ar Airgead	(339)	(6,037)
Glanhistí amhail an 31 Nollaig 2014	1,984	2,323

10. Aoisliúntas

Faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, déanfaidh an tÚdarás le faomhadh an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí foirne, lena n-áirítear Stiúrthóir an Údaráis, nó i dtaobh na gcomhaltaí foirne sin.

Tá Samhailscéim dréachtaithe agus tá sí ar feitheamh faofa ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe aoisliúntais don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus déantar iad a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ó ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí, sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha.

Faoi láthair, faigheann an fhoireann a bhí mar fhoireann an Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin a théann ar scor sochair aoisliúntais faoi théarmaí Scéim Aoisliúntas an Rialtais Áitiúil. Faigheann an fhoireann a bhí fostaíthe ag an ÚNM tar éis a mbunaithe agus a théann ar scor, sochair scoir de réir théarmaí Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe.

(a) Scéim Pinsin

Bunaítear na torthaí a leagtar amach thíos ar luacháil achtúireach na ndliteanas pinsin maidir le foireann seirbheála ar scor agus foireann an ÚNM a fuair bás amhail an 31 Nollaig 2014. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasáíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair Scoir (FRS).

Tugadh faoin luacháil seo agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

	2014	2013
--	------	------

	2014	2013
Ráta Iascaine	5.5%	5.5%
Toimhde faoi mhéadú ar thuarastal	4%	4%
Toimhde faoi mhéadú ar phinsean	4%	4%
Boilsciú praghaís	2%	2%

Toisc go bhfuil scéimeanna an ÚNM neamhchistithe, ní choimeádtar aon sócmhainní i dtaobh dliteanais pinsin chanaigh de chuid chomhaltaí foirne an ÚNM.

(b) Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain

	2014	2013
	€	€
Cistiú atá in-aisghnóthaithe maidir le costais pinsin na bliana reatha	1,340,000	1,370,000
Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	(562,000)	(555,000)
	778,000	815,000

(c) Anailís ar an méid a gearradh ar bhrabús oibriúcháin faoi FRS 17

	2014	2013
	€	€
Costas reatha seirbhíse	420,000	460,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	920,000	910,000
Ranníocaíocht fostaí	(103,790)	(112,403)
Costais seirbhíse roimhe seo	-	-
Muirear iomlán oibriúcháin	1,236,210	1,257,597

(d) Sócmhainn Chistithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais na suimeanna seo amhail bheith ina sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, níl aon fhianaise ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a

thabharfadh le fios nach leanfaidh an beartas cistithe seo ar aghaidh leis na suimeanna sin a chumhdaigh de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2014 agus €16.6 milliún (2013: €16.8 milliún).

(e) Gluaiseacht in easnamh i rith na bliana

	2014	2013
	€	€
Dlíteanas na Scéime amhail an 1 Eanáir	€16,800,000	€16,500,000
Costas reatha seirbhíse	€420,000	€460,000
Ús ar dhlíteanais scéime	€920,000	€910,000
Sochair iníoctha	(€562,000)	(€555,000)
Gnóthachan Achtúireach a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlán (RGCAI)	(€978,000)	(€515,000)
Dlíteanas Pinsin	€16,600,000	€16,800,000

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

	2014	2013	2012	2011
(Gnóthachain) / cailteanais ó thaithí ar dhlíteanais na scéime	(€978,000)	(€515,000)	(€1,030,000)	(€1,260,000)
Céatadán luach reatha na ndlíteanas scéime	(6%)	(3%)	(6%)	(8%)

Ranníocaíochtaí an Tobhaigh Phinsin

Asbhaineadh €109,695 ó bhaill foirne mar thobhach pinsin agus choimeád an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é.

11. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2014	2013
	€	€
Fabhruithe	€38,537	€64,130
Creidiúnaithe Iomlána	€38,537	€64,130

12. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2014	2013
	€	€
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	€294,092	€230,531
Réamhíocaíochtaí	€10,993	€13,144
Féichiúnaithe Eile	€314	€15,800
Féichiúnaithe Iomlána	€305,399	€259,475

Baineann féichiúnaithe eile leis an mbarrachas a eascraíonn ó ranníocaíochtaí carnacha aoisliúntais a asbhaineadh ó fhoireann an ÚNM lúide íocaíochtaí carnacha pinsin a rinneadh leis an bhfoireann ar dhul ar scor dóibh a cistíodh ón gciste seo.

13. Gluaiseacht an Bharrachais a Coimeádadh

	2014	2013
	€	€
Barrachas a coimeádadh amhail an 1 Eanáir	€197,668	€173,648
Gluaiseacht sa Bhliain		
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	(€17,637)	(€2,654)
Fabhruithe	€25,593	(€25,048)
Fionraí Pinsin	€63,561	€57,759
Laghdú sa chuntas bainc	(€339)	(€6,037)
Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain	€71,178	€24,020
Barrachas a coimeádadh amhail an 31 Nollaig	€268,846	€197,668

14. Dlíteanais Theagmhasacha

Níl aon dlíteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2014.

15. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil gan íoc ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2014.

16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 16 Iúil 2015.

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2014

Ceapadh Údarás nua in Iúil 2014.

- An tUasal Helen Guinan (Cathaoirleach)
- An tUasal Orla Barry
- An tUasal Frank Cunneen
- An tUasal Des Kenny
- An tUasal Ruthann La Malfa
- An tUasal Mary Lavelle
- An tUasal Teresa McDonnell
- An tUasal Déaglán Ó Briain
- An tUasal Deirdre O'Connor
- An tUasal James O'Grady
- An tUasal Donie O'Leary
- An tUasal Dónal Rice
- An tUasal Alison Ryan

An Coiste Iniúchta

- Donal Lawlor (Cathaoirleach)
- Lawrence Byrne
- Robert Cashell
- Frank Cunneen
- Des Kenny
- Alison Ryan

An Coiste Airgeadais

- Frank Cunneen (Cathaoirleach)
- Pat Fitzsimons
- Des Kenny
- Ruthann La Malfa

- Teresa McDonnell
- David Scott

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2014

An Earnáil Phoiblí:

An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Comhalta den Choiste Comhairleach Míchumais
- Ballraíocht den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, agus dá bhFóram Comhairliúcháin
- Ballraíocht den Ghrúpa Oibre ar shamhail nua chun múinteoireacht acmhainní a leithdháileadh

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

- Plean Earnála agus Coiste Monatóireachta Chuid 5
- Údarás Craolacháin na hÉireann (Grúpa oibre ar Ionadaíocht Daoine atá faoi Mhíchumas sna Meáin Chraolacháin)
- Painéal Comhairleach do Thomhaltóirí an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide agus a bhFóram Tionscail ar Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Grúpa Páirtithe Leasmhara Tomhaltóirí an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- Grúpa Monatóireachta le haghaidh na Straitéise Tithíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas
- Grúpa Monatóireachta um Fheidhmiú le haghaidh na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, agus fochoiste na Gníomhaireachta Tithíochta ar a cur i bhfeidhm
- Fóram Páirtithe Leasmhara Uisce Éireann

An Roinn Sláinte

- Comhalta den Ghrúpa Stiúrtha um Fheidhmiú Athbhreithniú Beartais ar Luach ar Airgead ar Sheirbhísí Míchumais, agus de Ghrúpaí Oibre 1, 2, 4 agus 5 den phróiseas um chur i bhfeidhm
- Comhalta den Choiste Comhairleach Míchumais
- Comhalta d'Fhóram Comhairleach Náisiúnta FSS

- Comhalta de Ghrúpa Oibre FSS ar Thodhchaí an Altranais Mhíchumais Intleachtaigh in Éirinn a Mhúnlú
- Comhalta de Choiste Rochtana Uilíche FSS

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

- Coiste Monatóireachta Chuid 5
- An Coiste Stiúrtha Náisiúnta ar Fhoréigean i gcoinne Ban, agus a bhfochoiste Feasachta Poiblí

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- Bord na Seirbhíse Náisiúnta Abhcóideachta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Fóram Comhchomhairliúcháin Mhíchumais
- Grúpa um Fheidhmiú – Liúntas Cúram Baile

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- Coiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair – an Coiste Comhairleach do Thacsaithe

Eile

- Tascfhórsa Dearaidh Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (IRAÉ)

Aguisín 3: Foilseacháin in 2014

- Tuarascáil Bhliantúil 2013
- Comhairliúchán le daoine atá faoi mhíchumas ar mheonta poiblí – Tuarascáil ‘Do Ghlór, Do Rogha’ 2013
- Ag maireachtáil agus gortú faighte inchinne ort
- Céim 2 de Staidéar Indéantachta Leithdháileadh Acmhainní an Údaráis Náisiúnta Míchumais
- Ríomh-Nuachtlitreacha an Údaráis Náisiúnta Míchumais
- Roghanna oideachais agus oiliúna iar-scoile do dhaoine atá faoi mhíchumas (“Post school education and training options for people with disabilities”) (i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta)
- Freastal Réasúnta ar dhaoine a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais orthu (“Reasonable Accommodation for people with Autism Spectrum Disorder”)
- Suirbhé ar Tháscairí na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013
- An tionchar a imríonn míchumas ar shiblí (cur i láthair comhdhála)
- Míchumas Mothúcháinach, Síceolaíoch agus Meabhairshláinte in Éirinn a thuiscint: Tosca a Éascaíonn Cuimsiú Sóisialta (i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta) (“Understanding Emotional, Psychological, and Mental Health disability in Ireland: Factors Facilitating Social Inclusion (Jointly with ESRI)”. Tuarascáil 2013 ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht Míchumais

Aguisín 4: Páipéir chomhairle beartais in 2014

- Comhairliúchán ar Rialacha Rochtana Údarás Craolacháin na hÉireann
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – Ráiteas Straitéise 2015-2017
- An Roinn Oideachais agus Scileanna – Tuarascáil Ghrúpa Oibre na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar shamhlacha nua d'acmhainní múinteoireachta a leithdháileadh
- An Roinn Sláinte – Athbhreithniú ag painéal saineolaithe ar an scéim cártaí leighis
- An Roinn Sláinte – Ráiteas Straitéise 2015-2017
- An Roinn Sláinte - Árachas Uilíoch Sláinte
- FSS – Todhchaí an Altranais Mhíchumais Intleachtaigh in Éirinn a Mhúnlú
- Dréacht-Rialacháin an Údaráis Náisiúnta Iompair um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Leasú), 2014
- Aighneacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an Straitéis Náisiúnta nua ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe.
- Aighneacht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar Fhoréigean Gnéasach i leith daoine Leochaileacha (i gcomhthéacs an Bhille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015
- Aighneacht ar dhréacht-Scéim Ghinearálta na bhforálacha reachtaíochta le haghaidh Réamhthreoracha Cúram Sláinte a chuimsiú isteach sa Bhille um Chinnteoireacht Chuideachta (Cumas), 2013
- Aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus chuig an Rialtas Áitiúil ar athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta Sóisialta
- Aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus chuig an Rialtas Áitiúil ar athbhreithniú a dhéanamh ar Ráiteas Straitéise na Roinne.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

Guthán: (01) 608 0400

Facs: (01) 660 9935

www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách a thugann sainchomhairle ar bheartas agus chleachtas míchumais don Aire, agus a dhéanann Dearadh Uilíoch a chur chun cinn in Éirinn.